50 bliain faoi bhláth

Gaeloideachas

Ceiliúradh ar an oideachas lán-Ghaeilge 1973-2023

Clár Ábhair

- Teachtaireacht ó Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn 2
- Go mba fada buan Gaeloideachas 4
- Pobal na heagraíochta i 2023 5
- Teachtaireacht ón Aire Oideachais, Norma Foley T.D. 6
- Clochmhílte na hEagraíochta 7
- Stair na hEagraíochta 12
- Stair na heagraíochta sna hochtóidí 16
- Ó Trumera National School go Scoil Náisiúnta Thromaire go Gaelscoil Thromaire, Co Laoise 18
- Stair an Oideachais Lán Ghaeilge ó Thuaidh 19
- Uachtaráin na heagraíochta thar na mblianta 21
- Ardfheidhmeannaigh na heagraíochta thar na mblianta 22
- An Bord Stiúrtha 2023 – 2024 24
- Ráitis Foirne 23
- Oideachas Gaeltachta agus Scéim Aitheantais na Scoileanna Gaeltachta 25
- Ag tacú le bunchloch an chórais tumoideachais 28
- Riachtanais Bhreise Oideachais sa Chóras Lán Ghaeilge 30
- Bunú Gaelscoil Áine agus leasú an chóras bunaithe scoile dá réir 32
- An feachtas maidir le hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge a bhunú i gCaisleán an Bharraigh 33
- Teachtaireachtaí Comhghairdis 35
- Glórtha agus Grianghraif 38

Grianghraif Clúdaigh:

Daltaí i nGaelscoil na nDéise

Scoláire i gColáiste Cholmcille

Páistí Naíonra Éadan Doire

Teachtaireacht ó Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn

Is mian liom mo dhea-ghuí a sheoladh chuig Gaeloideachas ar an ócáid shuntasach seo agus sibh ag ceiliúradh 50 bliain ó bunaíodh an eagraíocht. Is fianaise é an garsprioc seo ar an tiomantas seasta agus an cion luachmhar ata léirithe agaibh chun tacú le hoideachas na Gaeilge ar fud na tíre.

Is gné ríthábhachtach dár bhféiniúlacht náisiúnta í ár dteanga ársa buntobar staire agus traidisiúin. Aontaíonn a saibhreas cultúrtha muid, neartaíonn sí an nasc atá againn leis an am atá caite, agus cosnaíonn sí ar n-oidhreacht.

Ba chóir go mbeimis uilig sásta ár ndícheall a dhéanamh ár dteanga a chur chun cinn. Ní trí sheans a tharla beogacht chomhaimseartha ár dteanga, tá an bheocht seo mar thoradh ar iarrachtaí na ndaoine a chuireann an teanga chun cinn, a chothaíonn í, agus an iliomad daoine a úsáideann go laethúil í. Cuireann sé an-áthas orm, ar an lámh amháin, a fheiceáil conas a leanann sí uirthi ag fás, le pobal bríomhar cainteoirí, agus breis agus milliún duine ar fud an domhain ag foghlaim Gaeilge ar líne. Ar an lámh eile, is féidir a lán a dhéanamh, da mbeadh iarracht níos fearr á léiriú ag iadsan a bhfuil muid ag brath orthu misneach a léiriú.

Tá ról suntasach ag iarrachtaí Ghaeloideachas i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na Gaeilge le caoga bliain anuas, thug sibh comhairle agus cúnamh do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do phaistí, ag cabhrú leo an Ghaeilge a fhoghlaim. Níl amhras ar bith ach go gcuidíonn sibh lenár n-oidhreacht teanga agus chultúrtha a chothú ar fud na hÉireann. Tréaslaím libh.

Molaim bhur dtiomantas don chúis seo. Tá an urlabhraíocht agus na seirbhísí tacaíochta a chuireann sibh ar fáil mar chuid den ghluaiseacht i dtreo méadú ar thinreamh na ngaelscoileanna. Is deimhniú é an méadú seo ar bhuntáistí an tumoideachais do gach mac léinn, beag beann ar a leibhéal cumais, a stádas socheacnamaíoch, nó a chúlra reiligiúnach, cultúrtha nó teanga. Táim ríshásta le torthaí an tionchair dhearfaigh atá ag Gaeloideachas ar go leor teaghlaigh agus ar phobal na Gaeilge. Bhí an-áthas orm bualadh le cuid d'fhoireann Gaeloideachas ag Cóisir sa Ghairdín anseo ag Áras an Uachtaráin le déanaí.

Agus an comóradh tábhachtach seo á cheiliúradh againn, géaróimid ár n-iarrachtaí chun ár dteanga luachmhar a chaomhnú agus a chur chun cinn, agus tacóimid leo siúd atá ag obair lena forbairt agus lena hábharthacht inár saol nua-aimseartha. Is ábhar mórtais agus áthais iad ár dteanga, ár litríocht, ár gcultúr agus ár n-oidhreacht Ghaelach. Le chéile, is féidir linn a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge ina gné ríthábhachtach dár bhféiniúlacht náisiúnta do na glúnta atá le teacht.

Molaim gach rath arís ar na baill, an Bord, an fhoireann agus gach duine a bhfuil baint acu le Gaeloideachas agus sibh ag ceiliúradh 50 bliain de thacaíocht a thabhairt d'oideachas ardchaighdeáin Gaeilge. Go maire bhur ndíograis agus go gcuire sé le fás agus rathúlacht na Gaeilge sna blianta amach romhainn.

Beir beannacht



Niall Ó Murchadha, Uachtarán Gaeloideachas ó 1994-1996

"Bhíos mar bhall de Choiste Riartha Ghaelscoileanna ar feadh na mblianta fada agus caithfidh mé a rá go ndeachaigh dúthracht, tiomantas agus cumas na mball i gcion go mór orm. Bhí an t-ádh dearg ar an eagraíocht feidhmeannach de chaighdeán Jacqueline Ní Fhearghusa a bheith againn mar chrann taca nuair a bhí an-chuid constaicí don dul chun cinn le sárú."

Go mba fada buan Gaeloideachas

Teachtaireacht ó Mhicheál S. Mac Donnacha, Uachtarán Gaeloideachas 2022-2024

Is mór an onóir domsa píosa a scríobh le haghaidh an leabhráin seo chun an caoga bliain ó bunaíodh Gaeloideachas a cheiliúradh. Is múinteoir bunscoile mé a fuair a chuid oideachais bunscoile, dara leibhéal agus go deimhin an chuid is mó dá oideachas 3ú leibhéal trí Ghaeilge, agus mar sin tá mé an an-bhródúil a bheith i m'uachtarán ar an eagraíocht seo a dhéanann ionadaíocht ar na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus a chuireann an tumoideachas lán-Ghaeilge chun cinn sa tír.

Tá gné an obair dheonaigh ag baint go láidir le Gaeloideachas. Níl ionamsa mar uachtarán ach ball amháin de Bhord Stiúrtha Gaeloideachas. Is baill dheonacha ar fad atá ar an mbord, daoine a thugann a gcuid am saor chun an eagraíocht agus an t-oideachas trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt ní amháin don bhord reatha ach freisin do na hiar uachtaráin agus na baill a bhí ar na boird stiúrtha ó bunaíodh an eagraíocht agus a thug a gcuid ama go fial, fairsing. Caithfear chomh maith aitheantas a thabhairt do na daoine as na pobail go léir as a saothar deonach, is iad a tháinig amach agus a bhunaigh na scoileanna sna chéad bhlianta. Rinne siad obair chrua agus chaith siad uaireanta fada gan mórán buíochais go minic ach mar sin féin choinnigh siad leis, mar gur thuig siad an tábhacht a bhí le hoideachas trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil ina bpobail féin. Is cuid lárnach den cheiliúradh iad na daoine seo ar fad.

Tá teagasc trí mheán na Gaeilge difriúil ó theagasc trí mheán an Bhéarla. Bíonn easpa acmhainní go minic mar dhúshlán (cé go bhfuil feabhas mór tagtha ar an scéal sin). Baineann dúshlán leis an éagsúlacht sa chaighdeán teanga a bhíonn os comhair an mhúinteora, agus táim cinnte go bhfuil neart dúshláin eile ann. Ach tá bua amháin ag na scoileanna atá ag múineadh trí mheán na Gaeilge, is é sin na múinteoirí féin. Tá sárchaighdeán múinteoireachta ar bun sna scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge agus tá múinteoirí iontu atá díograiseach, múinteoirí a théann amach as a mbealach chun ábhar a chruthú, chun ábhar a mhíniú agus chun a dhéanamh cinnte de nach bhfágtar ar lár dalta ar bith atá os a gcomhair. Bíonn na múinteoirí sin de shíor ag cuardach smaointe nua, bealaí nua chun an teanga a fhorbairt nó chun ábhair eile a fhorbairt tríd an teanga. Tá níos mó ná bua na múinteoireachta acu seo, seasann an spéis agus an grá atá acu don teanga amach agus ar bhealaí beaga laethúla, tá caomhnú agus slánú na teanga ar siúl acu. Molaim go mór na múinteoirí reatha agus na múinteoirí atá imithe romhainn.

Ní fiú aon eagraíocht gan feidhmeannaigh dhíograiseacha fhuinniúla. Tá an t-ádh le Gaeloideachas go bhfuil feidhmeannaigh ag obair leis an eagraíocht a thuigeann an tumoideachas agus na tacaíochtaí atá ag teastáil san earnáil sin. Tugtar tacaíocht do na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht, don bhunleibhéal agus don iar-bhunleibhéal, ó bhunú scoileanna go dtí ceird na múinteoireachta, do pháistí nua sa chóras nó do pháistí le riachtanais speisialta. Go mba fada buan an fhoireann.

Déanaim comhghairdeas ó chroí le Gaeloideachas. Go mba fada buan sibh ar fad. Tá go leor bainte amach agaibh le caoga bliain anuas agus táim cinnte go mbainfear go leor eile amach san caoga bliain atá amach romhainn

Dónal Ó hAiniféin, Uachtarán Gaeloideachas ó 2002-2005

"Bhí an bhéim againn i mo thréimhse ar chúrsaí tumoideachais, cóiríocht do scoileanna, bunú iar-bhunscoileanna nua agus an cheist faoi na haonaid. Bhí COGG díreach bunaithe agus Séideán Sí ag teacht ar an bhfód. Bhí tréaniarrachtaí á ndéanamh na scoileanna Gaeltachta a mhealladh chuig ócáidí oiliúna. Mórán athraithe agus go leor mar an gcéanna fós."

Pobal na heagraíochta i 2023

Seo thíos spléachadh ar na pobail a mbíonn Gaeloideachas ag obair leo, in éineacht le páirtithe luathbhlianta agus oideachais, grúpaí pobail, eagraíochtaí Gaeilge agus forais Stáit.

Is ó thuarascáil na Roinne Leanaí, *Suirbhé ar Sholáthar i suíomhanna Luath-Óige agus Cúram Leanaí Lán-Ghaeilge*, foilsithe i 2023, a thagann an eolas maidir le líon na naíonraí.

Is ó Rannóg Staitisticí na Roinne Oideachais don bhliain 2021-2022 a thagann an eolas maidir leis na scoileanna sna 26 contae agus ón Roinn Oideachais, Tuaisceart Éireann don bhliain 2022-2023 a thagann an eolas maidir leis na scoileanna sna 6 contae

Naíonraí:

Oibríonn muid le páistí, a dtuismitheoirí agus na baill foirne sa 53 naíonra atá feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Scoileanna:

Tá **66,979 páistí agus daoine óga sna 374 scoil lán-Ghaeilge** agus Gaeltachta ar bhonn uile-oileáin.

Tá 8% de dhaltaí sna 26 contae ag foghlaim trí Ghaeilge i mbunscoileanna, agus is 8% de na bunscoileanna atá ag múineadh trí Ghaeilge sna 26 Chontae.
Tá 4% de dhaltaí sna 26 contae ag foghlaim trí Ghaeilge in iar-bhunscoileanna, agus is 10% de na hiar-bunscoileanna atá ag múineadh trí Ghaeilge sna 26 Chontae.

Seo thíos tábla a léiríonn líon iomlán na scoileanna:

	26 Chontae lasmuigh den Ghaeltacht	26 Chontae sa Ghaeltacht	6 Chontae	Móriomlán
Bunscoileanna	153	105	35	293
Iar-bhunscoileanna	47	29	5	81
Iomlán	200	134	40	374

Seo thíos tábla a léiríonn líon iomlán na ndaltaí sna scoileanna thuas:

	26 Chontae lasmuigh den Ghaeltacht	26 Chontae sa Ghaeltacht	6 Chontae	Móriomlán
Bunscoileanna	37,500	7,360	4,661	49,521
Iar-bhunscoileanna	11,951	3,832	1,675	17,458
Iomlán	49,451	11,192	6,336	66,979

Teachtaireacht ón Aire Oideachais, Norma Foley T.D.

Norma Foley TD, An tAire Oideachais

A Chairde,
Ba mhaith liom tréaslú le Gaeloideachas as an gcloch mhíle shuntasach de 50 bliain ar an bhfód a bhaint amach i mbliana. Mar is eol do chách, tá an-dul chun cinn déanta in earnáil an oideachais lán-Ghaeilge le leathchéad bliain anuas. Is léir go raibh obair Gaeloideachas lárnach san fhorbairt sin ó bunaíodh an eagraíocht in 1973. Déanadh an fhorbairt agus an dul chun cinn sin mar thoradh ar obair chrua agus ar thiomantas go leor daoine éagsúla a bhí páirteach i nGaeloideachas ar bhealaí éagsúla thar na blianta.

Is páirtnéir oideachais tábhachtach é Gaeloideachas anois agus bíonn ról ar leith aige i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm polasaithe na Roinne Oideachais mar a bhaineann siad leis an earnáil lán-Ghaeilge. Ba mhaith liom a lua, ach go háirithe, an obair fhiúntach atá déanta ag Gaeloideachas faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta le blianta beaga anuas. Táim ag tnúth le bheith ag obair le Gaeloideachas ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm pholasaithe nua mar a bhaineann siad leis an oideachas lán-Ghaeilge.

Tacaíonn Gaeloideachas le scoileanna lán-Ghaeilge oideachas ar ard-chaighdeán a chur ar fáil dá ndaltaí, agus faoi láthair, tá thart ar 60,000 páiste agus duine óg ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna ar fud na tíre. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le Gaeloideachas as ucht a ndíograise agus iad ag tacú le fás agus bláthú na naíonraí, na nGaelscoileanna agus na nGaelcholáistí sin le 50 bliain anuas.

Go maire sibh an céad.

Le dea-mhéin agus le gach dea-ghuí don todhchaí



Yvonne Ní Mhurchú, Uachtarán Gaeloideachas ó 2016-2017

“Ré bhríomhar, shuimiúil agus ghnóthach i stair na heagraíochta a bhí in 2017. Ghlac an eagraíocht ainm agus struchtúr nua uirthi féin; Gaeloideachas. Chinntigh an struchtúr nua go raibh ionchur agus ionadaíocht ag na hearnálacha uile ag leibhéal an Bhoird Stiúrtha. Bhí Gaeloideachas an-ghníomhach agus iad ag stocaireacht ag leibhéal náisiúnta ar son aitheantais agus tacaíochtaí cuí do na naíonraí. Fadhb mhór agus géarchéim a bhí ann do na scoileanna ag an dá leibhéal ab ea soláthar múinteoirí leis an inniúlacht chuí sa teanga. Bhí tionchar dearfach ag an stocaireacht a rinne Gaeloideachas maidir le leithdháileadh acmhainní do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus eisíodh treoirlínte do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta in éineacht leis an gciorclán i Márta 2017. D'eagraigh Gaeloideachas an chéad chomhdháil i gcomhpháirt le COGG ar Riachtanais Speisialta Oideachais sa chóras lán-Ghaeilge. Lean Gaeloideachas den stocaireacht ar an Roinn Oideachais maidir leis na mórdhúshláin cóiríochta agus maidir leis an gcóras um bunú scoileanna a chothromú i dtaobh an chórais lán-Ghaeilge go háirithe mar a bhain sé le riachtanais teanga. Bhí an eagraíocht páirteach sa phróiseas i dtaobh dífheistiú pátrúnacht scoile. I gcomhpháirt leis na Ceanneagraíochtaí sa Phleanáil Teanga, COGG agus an tAonad um Oideachas Gaeltachta, lean Gaeloideachas de thacaíocht leanúnach a thabhairt do na scoileanna maidir leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta.”

Cloch Mhílte 1973-2023

Bláthnaid ní Ghréacháin, Ardfheidhmeannach Gaeloideachas

Bunú agus Leathnú

Ó bhliain a bunaithe in 1973, is iomaí athrú agus forbairt atá tagtha ar an eagraíocht Gaeloideachas – nó Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Gaeilge mar a tugadh uirthi sna laethanta tosaigh, agus Gaelscoileanna ina dhiaidh sin. In 1979, faoi stiúir an Chathaoirligh, Micheál Ó Muircheartaigh, fuair an eagraíocht a céad deontas ó Bhord na Gaeilge, £7,500 a bhí ann agus leis an deontas sin éascaíodh an próiseas chun an chéad bhall foirne a earcú, Conall Ó Móráin. Faoi 2014, tháinig leathnú suntasach ar a cuid cúraimí ó bheith ina heagraíocht thacaíochta náisiúnta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán Ghaeilge go bheith ina ceanneagraíocht sa réimse tumoideachais, í ag plé le naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

Tá bóthar fada curtha di ag an eagraíocht. Tá 9 mball foirne fostaithe anois idir dhá oifig, ceann i mBaile Átha Cliath agus ceann sna Forbacha i gConamara. Tá bord stiúrtha náisiúnta ina bun atá ionadaíoch ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán Ghaeilge agus Gaeltachta agus ó Aibreán na bliana seo ar na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht, nuair a comhthoghadh Máire Mhic Mhathúna ar an mbord. Tá an eagraíocht i mbun pleanála faoi láthair chun ballraíocht san eagraíocht a leathnú chuig na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht, chun feidhm a thabhairt do rún a glacadh ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil, 2023. Is iontach í an fhorbairt seo 50 bliain i ndiaidh bhunú na heagraíochta, tráth a raibh gníomhairí luathbhlianta an-ghníomhach san eagraíocht agus san earnáil.

Ag agóidíocht ar son na luathbhlianta

Cuíchóiriú

An t-athrú ba shuntasaí i stair Gaeloideachas le linn mo thréimhse mar Ardfheidhmeannach le 17 mbliain ná an toradh a bhí ar an bpróiseas iomaíoch cuíchóirithe a mhair tamall de bhlianta agus arbh é an toradh a bhí air sin in 2014 gur cheap Foras na Gaeilge Gaeloideachas mar cheanneagraíocht. Ba thréimhse dhúshlánach leochaileach a bhí ann, tráth ar chaill Forbairt Naíonraí Teoranta agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta a gcuid maoinithe, dhá eagraíocht a raibh dlúthbhaint againne leo i ngort an tumoideachais. Chuaigh Gaeloideachas trí phróiseas mór athraithe, arbh é a sprioc agus an toradh a bhí air ná comhtháthú éifeachtach agus comhoibríoch a bhaint amach, comhtháthú a d'fhág go raibh earnálacha éagsúla i mór-réimse an tumoideachais ag seasamh le chéile. Mar chomhartha ar an bhfonn a bhí ar an eagraíocht an chomhghuaillaíocht seo a léiriú, thugamar faoi athbhrandáil agus baisteadh Gaeloideachas ar an eagraíocht.

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta

De réir a chéile, bhíomar níos airdeallaí ar na cosúlachtaí seachas na héagsúlachtaí idir scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta agus tharla

comhtháthú eatarthu ar bhealach nádúrtha. Bhí ról an-réamhghníomhach agus gníomhach ag Gaeloideachas san abhcóideacht ar son Polasaí don Oideachas Gaeltachta, polasaí a foilsíodh sa bhliain 2017 agus inar tugadh aitheantas oifigiúil don stádas uathúil atá ag an oideachas Gaeltachta. I réimse na luathbhlianta, ba mhór an chabhair a fuair agus a fhaigheann Gaeloideachas ó Na Naíonraí Gaelacha, ball-eagraíocht na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht, agus muid ag tabhairt faoinár ról nua maidir le seirbhísí a chur ar fáil do naíonraí.

Tá sé suimiúil breathnú siar ar thaifid stairiúla na heagraíochta maidir le mórshaincheisteanna na hearnála. Is suimiúil agus is cúis imní iad an líon saincheisteanna atá gan freagairt, ina measc staid cóiríochta na scoileanna, an próiseas bunaithe scoile, córas na bpainéal, easpa múinteoirí tacaíochta foghlama agus soláthar múinteoirí leis an inniúlacht chuí sa Ghaeilge. Is amhlaidh an scéal i gcás na naíonraí, earnáil atá leochaileach go fóill agus a bhraitheann cuid mhaith ar dhíograis agus tiomantas na ndaoine atá ag obair inti.

An Foras Pátrúnachta, an Chéad Ghaelscoil Ilchreidmheach & Aitheantas mar Chomhpháirtí Oideachais

I ndiaidh feachtas stocaireachta éifeachtach sa bhliain 1993, bhunaigh Gaelscoileanna Teo. Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge mar fhreagairt ar riachtanas pátrún ar leith a bheith ann le haghaidh scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge. Sa bhliain chéanna, agus ag eascairt as bhunú An Foras Pátrúnachta a bunaíodh Gaelscoil an Ghoirt Álainn, an chéad Ghaelscoil ilchreidmheach. B'shin tús ré nua ó thaobh éileamh ó thuismitheoirí ar scoileanna le sainmheon ilchreidmheach i gcás gaelscoileanna nua. Bhí tábhacht le bunú an Fhorais mar an chéad agus an t-aon phátrún a phléann go heisiach le scoileanna lán-Ghaeilge, rud a chinntíonn go mbíonn guth na hearnála le cloisteáil ar bhonn níos cothroime i réimse na pátrúnachta agus bainistíochta go ginearálta.

Cúis eile go n aithnítear an bhliain 1993 mar bhliain thábhachtach ná gur bhronn an tAire Oideachais aitheantas mar chomhpháirtí oideachais ar an eagraíocht, rud a chiallaigh go mbeadh an eagraíocht ag aon bhord leis na príomheagraíochtaí bainistíochta agus na ceardchumainn agus ceisteanna oideachais á bplé. Is fíor, áfach, gur mhó a bhain an t-aitheantas sin leis an mbunleibhéal ná leis an iar bhunleibhéal ar bhonn praiticiúil, agus go bhfuil obair le déanamh againn chun a chinntiú go bhfuilimid i lár an aonaigh sa phlé ar fhorbairt an oideachaisiar-bhunleibhéil.

COGG

Forbairt cheannródaíoch sa bhliain 2002 ab ea bunú An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta faoin Acht Oideachais, forbairt a rinneadh mar thoradh ar fheachtais láidre de chuid Gaelscoileanna Teo., Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta. Dhaingnigh bunú an chomhlachta reachtúil seo dualgas an Stáit i leith na Gaeilge, i leith an oideachais Ghaeltachta agus i leith an oideachais lán Ghaeilge go ginearálta. Tá tionchar obair COGG le feiceáil go soiléir – tá forbairt shuntasach tagtha ar líon agus ar chaighdeán na n ábhar teagaisc agus foghlama, tá clár éifeachtach taighde ann ar uirlis thábhachtach í i bhforbairt cleachtas, agus tá foireann bhreá oifigigh oideachais chumasacha ann a fhreastalaíonn go laethúil ar riachtanais oiliúna agus tacaíochta na múinteoirí.

Cosaint an Tumoideachais

Sa bhliain 2008 chuir Gaelscoileanna Teo. i gcomhar leis an Foras Pátrúnachta agus páirtithe eile tús le feachtas náisiúnta chun an córas luaththumoideachais a chosaint, feachtas ar cuireadh tús leis mar fhreagairt ar chiorclán 004/2007 a chuir bac ar scoileanna teagasc an Bhéarla a chur siar go dtí tús rang 1. Ba chinneadh tubaisteach a bhí ann a spreag gluaiseacht láidir phobail chun gnímh. Gan amhras ar bith, bhí an feachtas seo ar an bhfeachtas ba chomhordaithe, ba chomhaontaithe agus b'éifeachtaí a bhí againn agus i ndiaidh achair fhada, ghéill an tAire Oideachais, Mary Hanafin agus tarraingíodh siar an ciorclán. De bharr an chur chuige eolaíoch agus taighdeabhunaithe a bhain leis an bhfeachtas seo, méadaíodh ar thuiscint an phobail agus na dtuismitheoirí ar an tumoideachas ach méadaíodh ar thuiscint oifigeach na Roinne Oideachais freisin. Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur eisigh an t-iarPhríomhchigire, Harold Hislop treoir do scoileanna Gaeltachta an dá bhliain den luath-thumoideachas a chur i bhfeidhm mar dhea-chleachtas agus go deimhin, aithníodh é mar chroíchritéar de chuid na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta reatha. Táimid ag súil anois go mbeidh an t-aitheantas agus an

Uinseann Mac Thomáis, Uachtarán Gaeloideachas ó 1987-1988

"I mo thréimhse mar Uachtarán, sna hochtóidí, ar Ghaelscoileanna, mar a bhí, tháinig athrú ar an struchtúr foirne. Chaill muid oifigigh maithe le taithí agus cumas ach is é ceapachán Deirbhile Nic Craith, duine a thug fuinneamh, dearcadh fíordhearfach agus ábaltacht go dtí an eagraíocht, an buaicphointe ba mhó a bhain le mo réimeas."

tacaíocht chéanna d'fheidhmiú an luath-thumoideachais i gcroílár an Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge.

Córas nua bunaithe scoile & Próiseas Dífheistithe

Is ag filleadh ar dhúshláin chórasacha a bhíomar arís sa bhliain 2008, nuair a d'fhógair an tAire Batt O'Keefe go mbeadh moratóir á chur ar bhunú scoileanna nua de réir mar a bhí ar gach cineál scoile eile, agus deireadh á chur leis an gcóras bunaithe a d'eascair ó éileamh an phobail. Chiallaigh an fógra sin bac suntasach agus tubaisteach ar fhás orgánach na scoileanna lán-Ghaeilge ag an dá leibhéal agus is athrú bunúsach a bhí ann ar raison d' être Gaeloideachas. Cé gur bhain an moratóir le gach scoil, is gníomh láidir agus soiléir a bhí ann i gcoinne fhás leanúnach na scoileanna lán-Ghaeilge. Mhair an moratóir 3 bliana, tréimhse inar cailleadh an chuid móimintim sa ghluaiseacht láidir phobail a bhí i réim ar son an oideachais lán-Ghaeilge. Ina áit, tháinig córas lena n aithníonn an Roinn na ceantair le haghaidh soláthair nua, bunaithe ar chúrsaí déimeagrafaice agus ar chóras iomaíoch idir phátrúin.

Sa mhullach air sin, fógraíodh próiseas dífheistithe scoileanna ó shainmheon creidmheach go h-ilchreidmheach. Ainneoin nár éascaigh an próiseas athrú sainmheoin teanga, thapaigh Gaeloideachas agus An Foras Pátrúnachta an deis chun léiriú a thabhairt ar an éileamh i mBiorra, Co. Uíbh Fháilí ar bhunscoil lán-Ghaeilge ilchreidmheach, agus bunaíodh Gaelscoil na Laochra ansin in 2015.

Sainmheon Teanga a Athrú

Ní raibh ná níl go fóill rath iomlán ar phróiseas dífheistithe na Roinne Oideachais, go háirithe mar a bhaineann le sainmheon teanga scoile a athrú. In 2019, d'aistrigh Scoil an Ghleanna i gCiarraí ó phátrúnacht eaglasta go pátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus bhain sí aitheantas amach mar scoil Ghaeltachta. Faraor is eisceachtaí an scoil sin agus Gaelscoil na Laochra araon. Tá próiseas de dhíth go fóill chun scoileanna a spreagadh agus chun iad a chumasú le tabhairt faoin oideachas lán Ghaeilge.

Lasmuigh d'aon phróiseas nó scéim thacaíochta, in 2017 tháinig Gaelscoil Sráid Synge ar an bhfód, ar bhunscoil shinsear í le haghaidh buachaillí ó 1864, agus ina gcuirtear oideachas lán-Ghaeilge ar fáil anois do bhuachaillí agus do chailíní ó rang na naíonán ar aghaidh. Ag obair go dlúth le bord agus bainistíocht na scoile, stiúraigh Gaeloideachas an scoil trí phróiseas idirbheartaíochta le hiontaobhaithe, le pátrún na scoile agus leis an Roinn Oideachais chun an t-athrú stádais a bhaint amach. Ó shin, chuaigh Gaelscoil Naomh Séamas i gCiarraí i muinín an phróisis chéanna agus in 2020 d'iompaigh sí ina scoil lán-Ghaeilge. Leanann siad lorg Gaelscoil Thromaire i gContae Laoise, a d'aistrigh go scoil lán-Ghaeilge siar in 1991. Freagraíonn na scoileanna ceannródaíocha agus eisceachtúla seo do riachtanais a d'aithin siad ina bpobail, agus tá súil againn amach anseo go ndéanfaidh an Roinn Oideachais tuilleadh athruithe den chineál seo a éascú.

Leasú ar an bPróiseas Bunaithe Scoile

Ní féidir é a fhágáil faoi na scoileanna an bhearna reatha idir soláthar agus éileamh a réiteach, áfach. Chun dul i ngleic leis an mbac córasach a bhí roimh bhunú Gaelscoileanna ar bhonn éilimh ó thuismitheoirí, in 2018 thionscnaigh an Coimisinéir Teanga ag an am, Rónán Ó Domhnaill, imscrúdú thar ceann ghrúpa tuismitheoirí i gceantar Marino, Baile Átha Cliath. Chaill an grúpa seo amach ar dheis Gaelscoil a bhunú de dheasca próiseas iomaíoch na Roinne Oideachais le pátrún scoile a roghnú, d'ainneoin léirithe spéise ar áit sa scoil a bheith faighte thar ceann 733 páiste. Ag eascairt as an imscrúdú, fógraíodh leasú ar an bpróiseas bunaithe scoile, ag freagairt d'éileamh ar oideachas lán Ghaeilge nuair nach bhfuil soláthar ann cheana sa cheantar pleanála scoile agus ceadaíodh Gaelscoil nua don cheantar, Gaelscoil Áine, a osclaíodh in 2019. Cuireadh tús go gairid ina dhiaidh sin leis an bhfeachtas Gaelscoil4all, i bpáirt le An Foras Pátrúnachta agus Conradh na Gaeilge, feachtas a thagann le fís Gaeloideachas, is é sin go gcuirfí ar fáil do gach uile dhuine córas eiseamláireach tumoideachais, ón naíonra go bunscoil go hiar bhunscoil.

Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge

Agus forbairt Polasaí don Oideachas Gaeltachta aitheanta ar chlár oibre na Roinne Oideachais, thosaigh Gaeloideachas ag moladh d'Oifigigh na Roinne polasaí comhchosúil don oideachas lán-Ghaeilge trí chéile a fhorbairt ó leibhéal na naíonraí suas. D'aithin Gaeloideachas go dtabharfadh feidhmiú an pholasaí Gaeltachta ardán d'fhorbairt físe agus spriocanna de chuid an Stáit i leith an chórais oideachais lán-Ghaeilge, ón réamhscoil go dtí an iar bhunleibhéal. Ag cruinniú i mí Iúil 2019 leis an bPríomhchigire ag an am, Harold Hislop, d'éirigh linn a chur i bhfeidhm air gur ráiteas fíor láidir faoin luach a chuireann an Roinn ar an gcontanam tumoideachais ón naíonra ar aghaidh, a bheadh ann polasaí comhchosúil leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta a chruthú don oideachas lán-Ghaeilge. Luamar go mbeadh an tAire Oideachas, Joe McHugh ag Tionól Forbartha na heagraíochta ar an 15 Samhain, agus gurbh iontach an rud é dá mbeadh an Roinn

Gaelscoil Naomh Séamus, Cill Orglan, Co Chiarraí

sásta a fhógairt go bhfuil plé tosaithe ar an ábhar seo. Bhíomar ríméadach nuair a d'fhógair an tAire ag an ócáid go raibh an Roinn chun tús a chur le forbairt polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge do naíonraí agus scoileanna lasmuigh den Ghaeltacht.

Cuireadh tús sa bhliain 2022 le próiseas comhairliúcháin poiblí ar an bPolasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge agus bhí ról gníomhach ag Gaeloideachas i spreagadh agus i mealladh an phobail le páirt ghníomhach a ghlacadh ann. Léiríodh suim mhór sa chomhairliúchán, leis na mílte suirbhéanna freagartha agus líon mór aighneachtaí freisin, níos mó ná mar a fhaightear de ghnáth ar chomhairliúcháin, de réir dealraimh. Tá deis fíorthábhachtach romhainn anois i dtodhchaí an oideachais lán-Ghaeilge agus ní mór dúinn a chinntiú gur polasaí láidir, cothrom agus cuimsitheach a bheidh ann, agus go dtabharfar feidhm agus gníomh dó. I measc na bhforbairtí a bhfuiltear ag súil leo ná go mbeidh fís na Roinne soiléir agus tacúil d'fhorbairt na hearnála, go mbeidh oideachas lán-Ghaeilge i suíomh tumoideachais ar fáil do gach páiste ón naíonra go hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge gan anró, gan feachtasaíocht, gan achar fada taistil, gan réitigh eatramhacha míshásúla. Tréimhse chinniúnach atá inti don Roinn a bheith ceannródaíoch agus eiseamláireach i bhforbairt an oideachais lán-Ghaeilge agus an tumoideachais.

Covid 19

Gan amhras, tá scéalta le hinsint ag gach eagraíocht, scoil agus duine a mhair trí bhlianta COVID-19. Tréimhse thubaisteach, thragóideach agus osréalaíoch a bhí inti ar go leor bealaí. Cuireadh dúshláin ollmhóra romhainn mar eagraíocht, roimh cheannairí na scoileanna agus roimh na scoilphobail freagairt go straitéiseach, go praiticiúil agus ar bhealach daonna do na castachtaí, na buarthaí, an doiléire agus na bagairtí a bhí i réim. Bhí leibhéal breise castachta in earnáil na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, mar aon leis na naíonraí, anuas ar dhúshláin an chórais oideachais trí chéile de bharr an scaradh tubaisteach ón tumadh laethúil sa teanga. In ainneoin spreagadh na múinteoirí agus dea-thoil agus iarrachtaí na dtuismitheoirí, cailleadh an teagmháil laethúil leis an nGaeilge ar scoil / sa naíonra. Tá lorg na tréimhse sin fós ann, agus bíodh is go bhfuil straitéisí maithe á gcur i bhfeidhm ag scoileanna, léiríodh leochaileacht na teanga agus an gá atá ann, go fóill, le níos mó tacaíochta a bheith ann don Ghaeilge mar theanga cumarsáide nádúrtha idir dhaltaí.

Scoileanna Beaga – Scéim Píolótach

Tá Gaeloideachas ag plé le scéim nó tionscadal taighde gníomhaíochta ó 2022 a bhaineann le inmharthanacht scoileanna beaga. Tiocfaidh an scéim chun críche i mí an Mheithimh 2024. Tá sé mar aidhm ag an scéim tacú le scoileanna beaga tuaithe chun triail a bhaint as bealaí nuálacha le comhoibriú ar réimsí rialachais. Tá Seosamh Mac Donnacha fostaithe ag Gaeloideachas

Máirín Ní Chéileachair, Uachtarán Gaeloideachas ó 2011-2013

"Chaith mé ocht mbliana ar bhord Gaelscoileanna (mar a bhí air ag an am), an trí bhliain dheireanacha mar uachtarán. Le linn mo thréimhse mar uachtarán bhíomar ag ceiliúradh 40 bliain ar an bhfód. Ní chreidim go bhfuil 10 mbliana imithe ó shin. Buaicphointe eile le linn mo thréimhse mar uachtarán ná gur ceapadh an eagraíocht mar cheanneagraíocht oideachais in earnáil na Gaeilge, in ainneoin an obair a bhain leis an iarratas agus an feachtas sin! Bhain mé an-taitneamh as mo thréimhse ar an mbord, d'fhoghlaim mé go leor agus rinne mé cairde fadsaoil ann."

chun comhordú agus plé a dhéanamh le cnuasach de 5 bhunscoil Ghaeltachta i gceantar Iorras Aithnigh, Conamara, agus chun bheith ag comhoibriú le cnuasach 3 bhunscoil Ghaeltachta in Uíbh Ráthach i gCiarraí Theas. Tá 4 eagraíocht eile ag plé le cnuasaigh scoileanna i gceantair eile sa tír. Nuair a bheidh an scéim phíolótach curtha i gcrích, tá dóchas againn go mbeidh buntáistí na scéime á leathnú chuig cnuasaigh tuaithe eile a bhfuil cúrsaí daonra ina gconstaic dá gcuid inmharthanachta.

Páistí na hÚcráine

Forbairt shuntasach eile i sochaí agus i dtírdhreach oideachais na tíre seo le blianta beaga anuas ná teacht mhuintir na hÚcráine go hÉirinn. Tá fáilte mhór chroíúil á cur ag pobail na scoileanna, scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ina measc roimh na páistí seo. I roinnt ceantar, tá deis nua faighte ag scoileanna fanacht ar an bhfód de bharr na bpáistí seo. Ní gan dua é áfach, go háirithe agus na páistí níos sine, nó san iar-bhunscoil fiú agus gan aon Ghaeilge acu. Ach le tacaíocht láidir, léiríonn na scoileanna gur féidir cúram a dhéanamh de na páistí seo sa chiall is leithne, mar aon le hiad a thumadh sa chóras tumoideachais. Is iomaí dalta a thagann chuig an gcóras gan aon/mórán taithí nó teagmhála leis an nGaeilge, agus de réir a chéile, osclaítear dóibh domhan álainn an tumoideachais. Tá Gaeloideachas in éineacht le go leor eagrais eile agus iad ag iarraidh a chinntiú go bhfreastalaítear mar is cuí ar na daltaí uile sna scoileanna, agus go gcuirtear bonnleibhéal tacaíochta ann faoin tuiscint gur feiniméan fhadtréimhseach a bheidh ann.

Dúshláin agus Dóchas

Caoga bliain ar aghaidh, cén chaoi ar féidir cur síos a dhéanamh ar thionchar na heagraíochta seo i bhforbairt na hearnála lán-Ghaeilge agus Gaeltachta le roinnt blianta anuas? Tá dúshláin leanúnacha sa chóras – bearnaí ollmhóra sa soláthar naíonraí, bunscoileanna agus níos mó fós sa soláthar iar-bhunscoileanna; córas bunaithe iar-bhunscoile a bhrúnn aonad lán-Ghaeilge ar thuismitheoirí in áit scoil neamhspleách i dtimpeallacht iomlán tumoideachais; soláthar múinteoirí le h-inniúlacht chuí sa Ghaeilge ag pointe criticiúil ag an trí leibhéal; cóiríocht scoile i roinnt cásanna i suímh an-bhocht; naíonraí ag streachailt le fanacht beo. In ainneoin sin uile, tá fuinneamh, díograis agus dílseacht don chóras oideachais lán-Ghaeilge agus na buanna uile a bhaineann leis ag tiomáint obair Gaeloideachas le caoga bliain anuas. Tá éileamh méadaitheach ar an oideachas lán-Ghaeilge; tá an tuiscint ar choincheap an tumoideachais ag leathnú; tá cur chuige taighde mar bhunchloch na forbartha; tá feasacht agus tacaíocht do pháistí le riachtanais speisialta oideachais ag fás as cuimse; d'éascaíomar an próiseas do 3 scoil iompú ó fheidhmiú trí Bhéarla go feidhmiú mar Ghaelscoil; d'imríomar tionchar dearfach ar shaincheisteanna na Gaeilge ag leibhéal na sraithe sóisearaí agus sinsearaí; tá glacadh níos forleithne leis gur le gach páiste an córas seo, beag beann ar a chúlra sóisialta, teanga nó acadúil; tá aitheantas do leochaileacht na naíonraí mar earnáil a bhfuil idirghabháil éigeandála de dhíth uirthi chun go dtreiseofar í mar chéim tosaigh an turais luath-thumoideachais in Éirinn agus tá glactha leis go bhfuil ról cinniúnach ag an gcóras oideachais sa bhearta náisiúnta teanga. Inseoidh an caoga bliain atá romhainn toradh na hinfheistíochta Stáit san oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus fillfear ar an gceist arís, cén tionchar a d'imríomar mar eagraíocht, mar ghluaiseacht, mar phobail?

Cathnia Ó Muircheartaigh, Uachtarán Gaeloideachas ó 2013-2016

"Ba mhór an phribhléid é a bheith mar Uachtarán ar Ghaeloideachas agus a bheith páirteach in athstruchtúrú na heagraíochta le cinntiú go mbeadh Gaeloideachas níos ionadaí ar gach scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh. Chuireamar struchtúr nua boird i bhfeidhm ag tabhairt guth do scoileanna Gaeltachta agus d'iarbhunscoileanna ach go háirithe rud a neartaigh ár nguth. D'fháiltigh muid roimh dhul chun cinn suntasach ag an Roinn Oideachais cead a thabhairt do scoileanna an luath-thumoideachas a chur i bhfeidhm go deireadh na naíonán mór sna Gaelscoileanna agus sna scoileanna Gaeltachta.

Bhí an ghéarchéim a bhí san earnáil i dtaobh soláthar múinteoirí á ardú againn agus an gá próiseas ceart oiliúna múinteora a chinnteodh go mbeadh dóthain múinteoirí ar fáil do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge le hard-chumas Gaeilge agus tuiscint ar shainriachtanais na scoileanna á fhorbairt.

Níl aon eagras deonach eile ann atá ionadaíoch ar an earnáil ar fad – agus tá sé tábhachtach ár nguth a choimeád láidir agus dul i ngleic leis na fadhbanna agus ceiliúradh a dhéanamh ar an méid atá againn. Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

Le chéile is fearr sinn."

Stair na hEagraíochta
Kerron Ó Luain, Staraí & Taighdeoir

Kerron Ó Luain

Bunaíodh an eagraíocht Gaeloideachas, nó Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge mar a tugadh air i gColáiste Mhuire, Baile Átha Cliath, ar an 4ú Aibreán 1973. Rinneadh cónascadh idir Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge agus Comhdháil na Scoileanna Gaelacha, a bunaíodh i nGaillimh, i 1974 agus ainmníodh Gaelscoileanna air i 1976. In 2016, athraíodh ainm na heagraíochta go Gaeloideachas.

Ní raibh ach dornán "scoileanna lán-Ghaeilge", mar a thugtaí orthu, ag feidhmiú ag tús na seachtóidí nuair a tháinig Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge ar an bhfód. Tharla ardú as cuimse ar líon na ngaelscoileanna sa tír ina dhiaidh sin.

Ach céard a spreag an ghluaiseacht teacht ar an bhfód ag an am? Ar mhórán bealaí, is ceist chasta í agus bhí gnéithe éagsúla oideachasúla, polaitiúla agus socheacnamaíocha ag dó na geirbe ar dhreamanna difriúla ag brath ar an áit a raibh siad lonnaithe.

Comhthéacs

I mbeagán focal, chomhdhlúthaigh an ghluaiseacht nuair a tháinig tuismitheoirí agus oideachasóirí, a bhformhór ó chúlraí meánaicmeacha, ó dhlínsí éagsúla – an iar-Ghaeltacht sa Phoblacht, an Ghaeltacht, agus na Sé Chontae – le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhain le soláthar oideachais lán-Ghaeilge do pháistí.
De bharr an leithcheala a bhí déanta le fada ar Ghaeil na Sé Chontae ag an Stát Oráisteach, ní raibh tacaíocht ar bith ar fáil d'iarrachtaí lucht Bhunscoil Phobal Feirste a bunaíodh i 1971. Mar a insíonn Máire Nic Sheáin, duine de chéad mhúinteoirí na gaelscoile, bhí baint dhíreach ag an gcogadh leis an gcóiríocht don scoil: "bhí muid i portacabin a úsáideadh le haghaidh na ndaoine a cuireadh amach as a gcuid tithe agus a tógadh go Bóthar Seoighe".

Ó dheas, chuaigh gníomhaithe gaelscolaíochta i ngleic le comhthéacs éagsúil, áit ar tugadh béalghrá don Ghaeilge, ach ar ligeadh do mhúineadh na teanga titim siar go tubaisteach sa chóras oideachais le linn ré an nuachóirithe sna 1960dí ach go háirithe. De réir mar a chlaochlaigh an geilleagar d'fhorbair tuiscint i measc cuid mhaith den aos polaitiúil, a bhuíochas in amanna do thionchar an Language Freedom Movement, nárbh aon mhaith í an Ghaeilge i stát a bhí ag domhandú agus, dá bhrí sin, nárbh fhiú tacú léi ná infheistiú a dhéanamh inti.

Faoi 1971, ní raibh ach 14,053 de pháistí bunscoile an stáit, nó 3% de dhaltaí scoile iomlán an stáit, ag freastail ar scoileanna lán-Ghaeilge agus an figiúr sin ag titim de shíor. Thart ar an am céanna, mar a tuairiscíodh in Inniu, d'áitigh Riobard Mac Góráin, Uachtarán Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, "de bharr an pholasaí réasúnaithe atá á thabhairt i réim i gcúrsaí áiseanna oideachais táimid ag druidim chun éigeandála ó thaobh na hathbheochana de".

Freagra

Bhí bunú Scoil Neasáin, i mBaile Hearmainn, Baile Átha Cliath, i 1969 ar cheann de na buillí ba luaithe a bualadh in éadan an chúlaithe úd. Bunaíodh tuilleadh gaelscoileanna ón mbun aníos i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh, i dTrá Lí agus i mBré le linn na seachtóidí. Ba thréimhse é seo, dar le Colm Ó Torna, iriseoir a bhí ar dhuine de bhunaitheoirí Scoil an tSeachtar Laoch i mBaile Munna i 1971, ina raibh feachtais éagsúla ag rith comhthreomhar lena chéile: "bhí Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ag teacht chun cinn, Peadar Mac an Iomaire agus iad siúd uilig. Cheap mé... go raibh rud éigin ag tarlú ó thaobh na Gaeilge de gan dabht ar bith".

In achar cúpla bliain reáchtáladh siúlóid ó Scoil Dhún Chaoin, a bhí i mbaol dúnta de bharr pholasaí rialtais, go dtí Ard-Oifig an Phoist B.Á.C, shuigh leathchéad tuismitheoir síos os comhar bus i Rann na Feirste chun soláthar oideachais lán-Ghaeilge a fháil dá bpáistí, d'oscail na Feirstigh scoil gan cead, agus eagraíodh léirsithe, mórshiúlta, cruinnithe poiblí agus scoileanna scairte agóide i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh ar son na gaelscolaíochta.

Cúrsaí aicmeacha

Tharraing cás Scoil an tSeachtar Laoch i mBaile Munna, ach go háirithe, aird na meán náisiúnta agus cúrsaí aicmeacha ina ndris chosáin ann. Mar a deir Éilís Uí Langáin, bean tí a bhí ar dhuine de bhunaitheoirí na scoile: "bhí Seachtar Laoch ar an gcéad scoil i gceantar lucht oibre. Sin an rud a chuir isteach ormsa — nach raibh na cineáil cearta céanna againne... Ceapaim féin, i mBaile Átha Cliath, do bhain an Ghaeilge leis an meánaicme..." Is cuimhin léi go raibh sí ag déanamh agóide lá amháin "agus chuireas litir isteach sa Roinn Oideachais agus ghlac an fear seo an litir, agus ní dhéanfaidh mé dearmad ariamh ar an rud a dúirt sé liom 'you can't speak English in Ballymun, why ye looking for Irish?'" "Ghearr sin mo chroí... amhail is dá mba shaoránaigh ísealchéime sinn thuas i mBaile Munna".

De réir anailíse a rinneadh trí chrostagairt a dhéanamh ar léarscáil Pobal agus mo chuid mapála féin tá, sa lá atá inniu ann, gaelscoileanna agus gaelcholáistí na tíre (thuaidh, theas agus sa Ghaeltacht) lonnaithe, ar an meán, i gceantair atá beagáinín faoi bhun na meánlíne saibhris. I mBaile Átha Cliath, tá claonadh beagáinín níos mó i dtreo ceantair atá os cionn an mheáin nó saibhir, agus i mBéal Feirste tá claonadh láidir i dtreo ceantair lucht oibre.

Tá an léarscáil idirghníomhach as a n-eascraíonn na torthaí taighde sin, agus a mbaineann leas as teicneolaíocht ArcGIS, le fáil ar shuíomh idirlín SEALBHÚ faoi láthair (Féach an cód MF/QR). Ar an iomlán, bréagnaíonn an taighde an líomhain a dhéantar gur nós "éilíte" é ag tuismitheoirí a bpáistí a sheoladh chun na gaelscoile.

Idé-eolaíocht

B'ionann an cath faoin ngaelscolaíocht, dár le Pádraig Ó Snodaigh, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, agus é ag scríobh i Comhar sna hochtóidí, agus "cath cúlgharda" ina raibh "an pobal Gaelach ag léiriú míshástachta leis an gcúlú ó aidhmeanna fógartha an stáit sa Phoblacht agus in éadan ionraithe an stáit sna sé chontae". Meascán mearaí d'idé-eolaíochtaí agus pearsantachtaí a bhí le sonrú i measc luathbhunaitheoirí na gluaiseachta: náisiúnaigh cultúrtha den chuid is mó, ach poblachtaigh, roinnt sagart agus mná rialta, agus dornán beag sóisialaithe chomh maith.

Bhí Tomás Mac Gabhann, Rúnaí Gaelscoileanna, ar dhuine de na gníomhaithe ab fhuinniúla san eagraíocht sna luathbhlianta. Ba léir go raibh an diabhal ina chosa agus é ag taisteal ó cheann ceann na tíre ag tabhairt cúnaimh agus spreagadh do na coistí bunaithe gaelscoile áitiúla a bhí ag teacht le chéile as a stuaim féin. Míníonn mac Mhic Gabhann, Ultan, gur chreid a athair "go láidir sa daonlathas áitiúil" agus "tábhacht an phobail áitiúil", rud a bhí le sonrú ina chúlra, óir bhí sé "gafa le bunú comhar creidmheasa in Éirinn" agus, sa mhullach air sin, "ba iar-eagraí ceardchumainn é chomh maith".

Pé idé-eolaíocht nó cúlra aicmeach a bhí ag baill aonair, bhí tuiscint chomónta sa ghluaiseacht ar thábhacht na Gaeilge don tír – tuiscint a thiomnaigh Pádraig Mac Piarais agus lucht athbheochana thús na fichiú haoise. Nuair a ceistíodh Cathal Ó Luain, a bhí ar cheann de bhunaitheoirí Scoil Santain i dTamhlacht i 1979, faoin ngaol idir an Ghaeilge agus an ghaelscolaíocht, mar shampla, luaigh sé an tábhacht a bhaineann leis an teanga "mar chroílár an náisiúin".

Na hochtóidí agus na nóchaidí

Tháinig borradh ar chúrsaí i gCorcaigh ach go háirithe sna hochtóidí, cé go raibh fadhbanna leanúnacha ann san earnáil i dtaobh cóiríochta, acmhainní agus soláthar ábhair foghlama. Mar is cuimhin le Colm Ó Dúlacháin, Príomhfheidhmeannach ar an eagraíocht Gaelscoileanna ó 1981-87, bhí an-tionchar ag ceapacháin Phádraig Uí Chuanacháin mar Eagraí na Mumhan óir "d'imigh seisean le scatter gun agus osclaíodh seacht gcinn déag de bhunscoileanna laistigh de chúpla bliain thíos i gCorcaigh".

Scríobhadh san iris Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta go raibh "an eagraíocht ag crosbhóthar" i 1985 nuair a toghadh Breandán Mac Cormaic mar Uachtarán ar Gaelscoileanna. Idir sin agus tús na nóchaidí cuireadh cruth ní ba ghairmiúla ar an eagraíocht nó gur glacadh le Gaelscoileanna mar "páirtí oideachais" ag mórthionól oideachais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i 1993. Ba le linn na nóchaidí chomh maith a d'athraigh comhdhéanamh na gluaiseachta. Go dtí sin daoine deonacha den chuid is mó, fir a bhformhór, a bhí chun cinn ag na comhdhálacha bliantúla. Bhí múinteoirí, agus mná, go mór sa treis ina dhiaidh sin.

Lean fás líonra na ngaelscoileanna ar aghaidh isteach sna nóchaidí beag beann ar an athrú sin. Ach ba léir go raibh an Roinn ag éirí míshuaimhneach faoin bhfás as cuimse. Bhain castacht ar leith leis an mbliain 1994 nuair a tháinig deich n-iarratas isteach ar ghaelscoileanna a bhunú.. Dhiúltaigh an tAire Oideachais ag an am, Niamh Breathnach, Páirtí an Lucht Oibre, aitheantas a thabhairt do roinnt de na scoileanna. I dtuairim Jacqueline Ní Fhearghusa, a bhí mar Phríomhfheidhmeannach ar Ghaelscoileanna idir 1992 agus 2002, "is dócha go ndúirt sí léi féin 'tá sé seo iomarcach. Beidh na deich scoil sin ag lorg foirgneamh'". Níor chabhraigh sé, ach oiread, nach raibh "cúrsaí eacnamaíochta ró-iontach ag an am".

Creideamh

Gluaiseacht is ea gluaiseacht na gaelscolaíochta atá in ann damhsa de réir an cheoil. Is scáthán iad na gaelscoileanna ar shochaí na hÉireann ar go leor bealaí. Sna nóchaidí ach go háirithe tháinig mian chun cinn i measc tuismitheoirí go mbeadh fáil acu ar ghaelscolaíocht nach mbeadh faoi smacht na hEaglaise Caitlicí.

Ba í Gaelscoil an Ghoirt Álainn, a tháinig ar an bhfód i 1993, an chéad ghaelscoil ilchreidmheach a bunaíodh sa stát ó dheas. Mar is cuimhin le tuismitheoir gaelscoile agus ceann de bhunaitheoirí na scoile, Eoin Ó Laoire, nuair a chuala "fear mór na Gaeilge" an Canónach Ó Dálaigh "go raibh gaelscoil ag tosú bhí sé ag rá (linne) ár gcuid páistí a chur chuig an ngaelscoil, ach ansin nuair a chuala sé gur scoil ilchreidmheach a bhí ann ghlaoigh sé 'Godless gaelscoil' uirthi".

Bunaíodh an Foras Pátrúnachta chun freastal ar an scoil agus thosaigh gaelscoileanna eile ag teacht faoina phátrúnacht ina dhiaidh sin. Fuair an Foras aitheantas ón stát i 1996. Deir Breandán Mac Cormaic, a bhí lárnach i mbunú an Fhorais, faoin méid sin: "an rud a d'fhoghlaim mise as sin, agus ceapaim gur rud a bhaineann leis an tír seo, ná go bhfuil sé an-deacair rudaí a phlé go teoiriciúil. Caithfidh tú cás coincréiteach a fháil. Agus nuair a fhaigheann tú cás coincréiteach tá tú i suíomh i bhfad níos láidre".

Dúshláin reatha

Thiar sna seachtóidí chuir Breandán Ó Buachalla, léachtóir i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, síos ar throid na gaelscolaíochta mar "cath idir an pobal agus an 'murder machine'". Ag tagairt don Roinn Oideachais a bhí sé an tráth sin.

Cé go dtugann an Roinn tacaíocht d'earnáil na gaelscolaíochta ar roinnt bealaí – agus tá struchtúir ar nós an Fhorais Phátrúnachta agus An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG) ann anois – baineadh amach an méid sin trí fheachtasaíocht láidir a chuaigh in adharca leis an stát nuair ba ghá. Tá constaicí á gcur os comhar fás na hearnála ag an Roinn go fóill. Mar a deir Dónal Ó hAiniféin, a bhí ina Uachtarán ar Gaelscoileanna ó 2002-2005, bhí "eagla an domhain" ar an Roinn mar "go raibh an oiread sin scoileanna á mbunú sna hochtóidí agus sna nóchaidí". Dar leis an hAiniféineach gur ghlac an Roinn "ceannasaíocht" ar an bhfás as cuimse a bhí ag tarlú.

Le linn blianta na déine is cuimhin le Micheál Ó Broin, iar-Uachtarán eile Gaelscoileanna, gur chuir an tAire Oideachais ag an am Batt O'Keefe, Fianna Fáil, "moratorium" i bhfeidhm ar bhunú na ngaelscoileanna, agus gur "cuireadh bac ar fhás na gaelscolaíochta" idir 2009-2012. "An toradh a bhí air sin", a deir Ardfheidhmeannach reatha Gaeloideachas, Bláthnaid ní Ghréacháin, ná gur athraíodh córas bunú na scoileanna "ó bheith ina chóras ón mbun aníos go córas ón mbarr anuas".

An fhaillí is mó atá á h-imirt i láthair na huaire sa Phoblacht, áfach, ná ag leibhéal na hiar-bhunscoile, áit nach bhfuil fáil ar ghaelcholáiste ach ag dhá thrian de dhaltaí a fhágann an ghaelscoil tar éis rang 6. Is léir nach n-éireoidh le plean an rialtais 20% d'earcaithe stát-

SN Sailearna ag ceol ag Tionól Forbartha Gaeloideachas 2018.

seirbhíse nua a bheith líofa sa Ghaeilge faoi 2030 in éagmais tuilleadh gaelcholáistí. Ar an dea-uair, tá feachtais ón mbun aníos tagtha ar an bhfód i Maigh Eo agus Deisceart Chathair Bhaile Átha Cliath chun brú a chur ar an rialtas agus an Roinn a ndualgas a chomhlíonadh.

Ó thuaidh, mar a áitíonn Caoimhe Ní Chathail, gníomhaire a bhí lárnach i mbunú Gaelscoil na mBeann i gCill Chaoil, "tá deacracht ... ann fosta mar gheall ar sheicteachas". Tá greim na n-aontachtaithe ar an Roinn Oideachais ansin ina chonstaic ollmhór, "mar má tá moladh forbartha istigh anois, níl aire fhabhrach ann agus tá siad ag diúltú glan plé leis an rud"

Cruthúnas ar éileamh tuismitheoirí ar ghaelscoileanna dá bpáistí sa lá atá inniu ann a bhí i staidéar Kantar Millward Browne a choimisiúnaigh Conradh na Gaeilge in 2020. Léiríodh go seoladh 49% de thuismitheoirí sa Phoblacht, agus 23% sna Sé Chontae, a bpáiste chun na gaelscoile dá mbeadh an rogha sin acu. In ainneoin mianta na dtuismitheoirí úd, tá bearna ollmhór idir an soláthar agus an t-éileamh i gcónaí, óir níl ach 6.11% de dhaltaí sa stát ó dheas ag freastal ar ghaelscoil nó gaelcholáiste agus, cé go bhfuil fás ann, tá an figiúr níos ísle ná sin ó thuaidh. Mhínigh níos mó ná príomhoide amháin dom agus mé i mbun agallaimh go bhfuil fadhb ann freisin laistigh den chóras ó dheas agus soláthar múinteoirí gaelscoile agus gaelcholáiste ina dhúshlán, fadhb atá imithe in olcas de bharr na géarchéime tithíochta.

Tar éis an tsaoil, tá an córas gaelscolaíochta in adharca le córas geilleagrach nualiobrálach agus córais pholaitiúla nach bhfuil toilteanach, ar an bhformhór, na hacmhainní cuí a chur ar fáil chun go bhfreastalófar ar an éileamh atá ann. Tá dúshláin mhóra le sárú go fóill, mar sin, agus dealraíonn sé gur fiú ceachtanna a bhaint ó luathbhunaitheoirí na gluaiseachta nár chuir aon fhiacail ann faoin gcur chuige is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Is mithid do splanc úr teacht ón bpobal, ón mbun aníos, ach cad as a dtiocfaidh sé, nó cén eagraíocht a bheidh sásta é a chothú agus a stiúradh chun sprice?

Tionchar na hearnála

Bíodh sin mar atá, agus in ainneoin na gconstaicí uile go léir, rinne gluaiseacht na gaelscolaíochta éacht le 50 bliain anuas. Sna Sé Chontae, ba é fás na gaelscolaíochta a chuir bonn faoi ghluaiseacht na Gaeilge atá le déanaí tar éis 20,000 Gaeil a chuir ar shráideanna Bhéal Feirste agus Acht Teanga a bhaint amach ó chóras choilíneach fadbhunaithe.

Sa mhullach air sin, tá na céadta míle páiste ar fud na tíre imithe tríd an earnáil nach bhfuil an nimh san fheoil ach don teanga dá bharr. Athrú suntasach is ea an méid sin ó staid reatha na seascaidí nuair a bhí sciar an-bheag de pháistí na hÉireann ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge. Tá tuiscint ann anois gur féidir an Ghaeilge a chur in iúl i mbealach nua-aimseartha agus go bhfuil oideachas d'ardchaighdeán le fáil trí mheán na Gaeilge. Níl aon dabht ach go bhfuil bunús cuid mhaith den bhorradh sna healaíona Gaeilge i láthair na huaire le fáil sa ghaelscolaíocht. I ndeireadh na dála, cothaíonn an ghaelscolaíocht féinmheas náisiúnta agus mórtas teanga agus bristear an ceangal síceolaíochta idir an Ghaeilge agus an t-ísliú céime a tharla a bhuíochas leis an gcoilíneachas. Tionscadal forásach, athshealbhaithe, agus díchoilínithe atá le sonrú le leathchéad bliain anuas tríd is tríd

Táim buíoch as An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus An Chomhairle um Thaighde in Éirinn as an maoiniú a chur ar fáil don tionscadal seo.

Breandán Mac Cormaic, Uachtarán Gaeloideachas ó 1985-1987 & 1988-1990

"Bhí mé mar bhall den Choiste Riartha, mar bhall de choiste na nOifigeach agus mar chathaoirleach an fhochoiste Polasaí agus Pleanála ar feadh beagnach fiche bliain, tréimhse ina raibh fás iontach ar an gcóras scolaíochta trí mheán na Gaeilge.

Bhain na nithe a bhaineamar amach le hatheagrú gairmiúil a dhéanamh ar an eagras: conradh don fheidhmeannach, téarmaí tagartha dá chuid oibre, plean na heagraíochta, cruinnithe seachtainiúla na nOifigeach chun a chinntiú go gcuirfí cinntí an Choiste Riartha i bhfeidhm, fochoistí a bhunú srl. I mbeagán focal i mo chéad tréimhse mar uachtarán leagadh síos bunchloch phroifisiúnta na heagraíochta, bunchloch atá fós i bhfeidhm inti.

Bhí sé sin tábhachtach mar gur thug sé inchreidteacht don eagras leis na comhpháirtithe oideachais agus thug sé muinín dúinn féin le haghaidh a thabhairt ar na beartais mhóra a baineadh amach níos déanaí: tuilleadh scoileanna, an Foras Pátrúnachta, COGG."

Stair na heagraíochta sna hochtóidí

Colm Ó Dúlacháin, Eagraí Náisiúnta le Gaeloideachas 1980-1987 & 2003-2006

Iarradh orm alt a scríobh don iris seo faoin taithí a bhí agam agus mé ag obair do Ghaelscoileanna sna hochtóidí. Cé nach féidir na himeachtaí go léir thar tréimhse seacht mbliana a chur in aon alt amháin, déanfaidh mé cur síos ar chúpla eachtra a tharla sa tréimhse sin le blaiseadh a thabhairt don obair a bhí ar siúl ag Gaelscoileanna ag an am.

Sa bhliain 1979 chuir Bord na Gaeilge maoiniú ar fáil do Gaelscoileanna agus fostaíodh Conall Ó Móráin ar chonradh 6 mhí. Tháinig mé féin i gcomharbacht air i Mí Feabhra 1981 agus d'fhan mé sa phost go deireadh 1987. D'fhill mé ar an eagraíocht i dtreo dheireadh 2002 ar feadh tréimhse agus bhí mé ann le linn cheiliúradh 30 bliain Gaelscoileanna.

Eagraíocht náisiúnta a bhí ann ag an am a bhí ag freastal ar scoileanna ó Bhéal Feirste go Corcaigh, an Ghaeltacht san áireamh. Chuidigh Gaelscoileanna le scoileanna beaga tuaithe Gaeltachta a choimeád ar oscailt. Ag an dara leibhéal chuaigh muid i mbun feachtais le meánscoil a bhunú sa Ghaeltacht Láir i nDún na nGall agus bunaíodh Gairmscoil Chú Uladh in 1982.

Nuair a d'fhógair Siúracha na Trócaire sna hochtóidí go raibh a gcoláiste i dTuar Mhic Éadaigh agus Coláiste Íde sa Daingean le dúnadh agus rún acu na suíomhanna a dhíol, thacaigh muid le feachtais a chinntigh nár dúnadh na scoileanna.

Ach níor éirigh linn gach cath a bhaint. Chuaigh Seán Ó Muimhneacháin, príomhoide Scoil Náisiúnta Chúl a Bhuacaigh, scoil bheag tuaithe Gaeltachta i Múscraí i dteagmháil linn. Bhí líon na bpáistí sa scoil ag titim faoi thús 1982. Bhí páistí ó cheantair eile ar rollaí na scoile faoi scéim Scoláireachtaí 3 Mhí Gael-Linn. Ach níor leor iadsan agus an líon beag páistí áitiúla leis an scoil a choimeád ar oscailt.

Bhí rún ag an Roinn Oideachais an scoil a dhúnadh agus na páistí a chur chuig scoil náisiúnta Chill na Martra (an scoil Ghaeltachta ba ghaire) a bhí 6 chiliméadar ar shiúl.

Ach tháinig sé chun solais go raibh roinnt de bhailte fearainn Chill na Martra lasmuigh den Ghaeltacht oifigiúil, láthair na scoile ina measc. Mar sin bheadh cead scoil Ghaeltachta a chónascadh le scoil sa Ghalltacht, ceist a shíl mé a thabharfadh síneadh ama dúinn le níos mó daltaí a bhailiú le todhchaí na scoile a chinntiú.

Ach bhí casadh le teacht sa scéal. Bhí Cathal Ó hEochaidh ina Thaoiseach ag an am. Ghlaoigh Oifig an Taoisigh orm ag tús mhí na Nollag ag rá go raibh Ordú na Limistéar (Gaeltacht) 1982 sínithe ag an Taoiseach, go raibh na teorainneacha Gaeltachta leasaithe aige agus go raibh paróiste Chill na Martra ar fad sa Ghaeltacht anois. Mar sin ní raibh aon srian ar an Roinn Oideachais na scoileanna a chónascadh. Dúnadh Scoil Chúl a' Bhuacaigh go luath ina dhiaidh sin.

Ach má bhí an Taoiseach ag cuidiú (i ngan fhios dó b'fhéidir) le scoil amháin a dhúnadh a mhalairt a bhí ag comhghleacaí rialtais leis.

Le linn na tréimhse ama céanna chas mé féin agus Tomás Mac Gabhann, duine de bhunaitheoirí Gaelscoileanna le Pádraig Flynn, Aire na Gaeltachta. Bhí forbairt tagtha san iarthar ar líon na scoileanna lán-Ghaelacha nua ach ní raibh ceann ar bith acu ina dháilcheantar féin i gContae Mhaigh Eo. Chuir seo iontas air agus d'iarr sé orainn cruinniú poiblí a ghairm i gCaisleán an Bharraigh an tseachtain dár gcionn agus é féin sa chathaoir. Bhí slua mór i láthair agus chuaigh grúpa áitiúil i mbun oibre faoi stiúir Úna Ní Ghabhláin agus Art Ó Súilleabháin. D'oscail Scoil Raifteirí an bhliain dár gcionn sa tseanscoil Phrotastúnach ar an mbaile le 15 dhalta faoi stiúir an phríomhoide Máire Treasa Uí Dhálaigh.

Sílim féin gur tharla dul chun cinn stairiúil i scoil bheag tuaithe in iarthar Chontae an Chláir. Bhí Úna Uí Rocháin ina príomhoide ar Scoil Iósaf Naofa, scoil dhá oide suite idir Sráid na Cathrach agus Leacht Uí Chonchúir. Chas mé léi sa scoil sa bhliain 1981. Bhí rún aici an scoil a thiontú ar ais ar theagasc trí mheán na Gaeilge, faoi mar a bhí nuair a d'oscail an scoil aimsir an Ghorta Mhóir in 1846. Pléadh an cheist le hoifigigh na Roinne Oideachais agus le Pátrún na scoile agus dúradh linn go mbeadh an Roinn sásta an t-aitheantas a cheadú ach gach uile thuismitheoir a bheith ina fhabhar. Bhí mé féin amhrasach go mbeadh gach tuismitheoir sásta ach ghlac siad leis agus tá Scoil

Iósaf ag teagasc trí mheán na Gaeilge ó shin. D'inis Jacqueline Nic Fhearghusa a bhí ag obair le Glór na nGael ag an am go raibh príomhoide Scoil Náisiúnta Thromaire i gContae Laois, Liam Ó Néill ag smaoineamh ar a scoil a iompú le bheith ina scoil lán-Ghaelach. Chas mé leis agus bhí tacaíocht iomlán aige ó na tuismitheoirí agus foireann na scoile - ach ghlac sé ocht mbliana ón am a rinneadh an t-iarratas gur bronnadh stádas scoil lán-Ghaeilge ar an scoil.

Cé go raibh fás agus forbairt ollmhór i líon na mbunscoileanna lan-Ghaeilge sa tréimhse ó 1981 go 1985, a bhuíochas sin i bpáirt do Phádraig Ó Cuanacháin, eagraí na Mumhan, is beag nár tháinig deireadh tobann le forbairt na scoileanna nua sa bhliain 1986.

Bhuail mé isteach sa Roinn Oideachais in Earrach na bliana sin agus 6 cinn d'iarratais liom ó ghrúpaí pobal i mBaile Átha Cliath, Cill Dara, Corcaigh, Luimneach agus Muineachán. Ní raibh oifigigh na Roinne ag súil leis an líon seo iarratas. Dúradh liom nach raibh soláthar déanta i meastacháin na Roinne don gcostas caipitiúil agus reatha a bhainfeadh le múinteoirí a fhostú, cíos a íoc as cóiríocht shealadach, as deontais caipitlíocha a mhaoiniú, as córais iompair scoile a sholáthar, as réamhsheomraí a thógáil nó seomraí a fháil ar cíos. Gan trácht ar an gcostas le suímh a cheannach agus scoileanna nua a thógáil.

Dúirt mise leis gur ón bpobal a bhí an t-éileamh ag teacht agus go raibh sé de dhualgas ar an Stát oideachas lán-Ghaeilge a sholáthar do na teaghlaigh seo.

Ach bhí dul amú orm.

Shín sé cóip den leabhrán *Rules for National Schools 1965* chugam a deir 'Where there are children whose home language is Irish or who otherwise have acquired a good oral knowledge of Irish the Minister may, in special circumstances grant recognition to a school in which the general training and instruction...will be given in the Irish language, notwithstanding that another national school may already be in operation in the same neighbourhood.'

Níor aistríodh na rialacha céanna riamh go Gaeilge. Níorbh as teaghlaigh Ghaelacha formhór na bpáistí agus ní raibh dualgas ar an Stát na hiarratais a mheas, gan trácht ar ghlacadh leo. I gcead don oifigeach níor chuir sé an riail seo i bhfeidhm agus ceadaíodh formhór na n-iarratas. Caithfidh mé a rá go raibh sé féin agus formhór oifigigh na Roinne Oideachais ag an am báúil don Ghaeilge agus do choincheap na Gaelscolaíochta.

I ndiaidh blianta fada stocaireachta glacadh le hAcht Oideachais 1998 agus bunaíodh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, nó COGG, dá bharr. Thug seo cosaint agus stádas don Ghaeloideachas rud nach raibh ann go dtí sin.

Tá súil agam go dtugann an t-alt seo blaiseadh den saothar deonach a rinneadh ar fud na tíre, le cabhair fhoireann na heagraíochta, chun an córas Gaelscolaíochta sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre a chosaint agus a fhorbairt le breis agus caoga bliain anuas

Gaelscoil na Dúglaise ag ceol ag Tionól Forbartha Gaeloideachas 2022.

Niamh Ní Mhaoláin, Uachtarán Gaeloideachas ó 2000-2002

"Toisc go rabhas féin i mo mhúinteoir le linn mo thréimhse uachtaránachta agus go raibh an spéis agus saineolas agam maidir le forbairt ghairmiúil múinteoirí, thugas faoin gcéad chomhdháil oideachais a chur sa tsiúl le tacaíocht ón gCoiste Riartha. Bhí dhá mhórsprioc ag baint leis - ócáid do chleachtóirí teacht le chéile agus deiseanna, dúshláin agus dea-chleachtais a bhain leis an seomra ranga a roinnt agus chomh maith leis sin d'aithníomar an tábhacht agus tionchar a bhain le seisiúin saineolais le haíonna oideachais a chur ar fáil. Bhí sé go hiontach a bheith i gcomhluadar leithéidí Jim Cummins ag an am. Thug an chomhdháil deis don eagraíocht na sainriachtanais a bhaineann leis an gcóras tumoideachais i gcomhthéacs na hÉireann a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den phobal gaelscolaíochta. Chinntigh sé freisin go raibh tinreamh i bhfad níos mó ag an gCruinniú Cinn Bliana."

Ó Trumera National School go Scoil Náisiúnta Thromaire go Gaelscoil Thromaire, Co Laoise

Liam Ó Néill, Iar-Phríomhoide na scoile

Osclaíodh Trumera National School in 1901. Bhí sé mar aidhm ag rialtas na Breataine an Béarla a chur chun cinn agus ba é seo an dara foirgneamh scoile a tógadh ar an suíomh seo (tógadh an chéad cheann in 1831).

Scoil dhá oide a bhí i gceist, ach ní raibh na múinteoirí sásta leis an leagan Béarla den ainm agus mar sin, ar an gcéad lá de 1923 ar aghaidh, glaodh "Scoil Náisiúnta Thromaire" ar an scoil.

Bhí an Ghaeilge i gcónaí an-láidir sa scoil toisc go raibh grá speisialta ag na múinteoirí don teanga náisiúnta. Mar shampla de seo, in 1941 cheannaigh an Príomhoide Liam S Ó Néill an fógra sa ghrianghraf, ó thimire Chonradh na Gaeilge agus tá sé fós ar crochadh sa scoil nua a tógadh agus a h-osclaíodh in 2021.

Fógra Chonradh na Gaeilge ó 1941 i nGaelscoil Thromaire

In 1981 tháinig Liam Ó Néill eile mar phríomhoide agus bhí sé ag obair le hEibhlís Bean Uí Bheinéid. Ba í an Ghaeilge teanga labhartha na scoile fós ach bhraith na múinteoirí go raibh sé ag éirí níos deacra an Ghaeilge a chur chun cinn. Mar sin shocraigh siad ar thiontú ó mhúineadh i mBéarla go múineadh trí mheán na Gaeilge. Chuir siad seo in iúl don Roinn Oideachais agus chuir an Roinn in iúl go raibh sí sásta cead a thabhairt ach pobal na scoile a bheith sásta leis sin.

Thuig na tuismitheoirí go raibh an Ghaeilge á húsáid mar theanga labhartha na scoile cheana féin agus ag cruinniú tuismitheoirí i dtús na bliana 1989 thug siad tacaíocht don phlean. B'iar-scoláirí cuid mhaith de na tuismitheoirí agus thuig siad tábhacht na Gaeilge sa cheantar.

Ansin bhí ar na múinteoirí dul i mbun oibre chun teanga teagaisc na ndaltaí a thiontú ón mBéarla go Gaeilge. Ba chabhrach an rud é go raibh Gaeilge sách maith ag na páistí cheana féin ach bhí sé an deacair ag na múinteoirí teacht ar théacsanna oiriúnacha i nGaeilge. Bhí orthu téacsanna i mBéarla a aistriú go Gaeilge. Bhí sé dian orthu cóipeanna a dhéanamh le haghaidh na ndaltaí toisc nach raibh sa scoil ag an am ach "Spirit Duplicator".

Shocraigh na múinteoirí tosú go hoifigiúil ar a bheith ag múineadh go hiomlán trí Ghaeilge sna bunranganna agus bliain i ndiaidh bliana chuir siad rang nua ag obair trí Ghaeilge.
Thuig na múinteoirí go mbeadh cabhair an phobail i dTromaire ag teastáil uathu agus go raibh gá le tacaíocht ó lucht na Gaeilge taobh amuigh den cheantar.

Bhí Coiste Ghlór na nGael bunaithe cheana féin ag na múinteoirí agus ansin chláraigh siad na páistí in eagrais Ghaeilge ar nós Ógras, Óg-Ógras, agus Aos Óg. Thug imeachtaí na gclubanna seo deis do na páistí feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus thug sé deis dóibh an Ghaeilge a chloisteáil agus a fheiceáil mar theanga labhartha taobh amuigh den scoil. Ghlac na páistí páirt i ngach comórtas a chuir an Ghaeilge chun cinn mar shampla Scór CLG, Feis Laoise, agus comórtais comhrá Fhleadh Cheoil na hÉireann. Theastaigh ó na múinteoirí a léiriú do dhaoine sa phobal timpeall orthu agus do dhaoine taobh amuigh de Thromaire gur linne ar fad an Ghaeilge, agus cuireadh ranganna Gaeilge ar fáil do dhaoine fásta. Fuair na múinteoirí tacaíocht iontach ón eagras Gaelscoileanna agus ó Bhord na Gaeilge agus ó Comhar na Múinteoirí Gaeilge. Ghlac na páistí páirt i gcláracha teilifíse go rialta agus thug sé seo deis a léiriú do thuismitheoirí go raibh fiúntas sa mhéid a bhí ar siúl sa scoil chun an teanga a chur chun cinn.

Ní raibh sé i gcónaí éasca Gaeilge a chur chun cinn i gContae Laoise ach i nDeireadh Fómhair 1998 thug an tAire Oideachais ag an am, Mícheál Ó Máirtín, aitheantas don scoil mar Ghaelscoil. Chuir an t-aitheantas seo áthas is glíondar croí ar mhuintir Thromaire.

Bhí an scoil fós san fhoirgneamh a tógadh in 1901 ach cuireadh tús le feachtas chun scoil nua a fháil don cheantar.

Faoi dheireadh in 2021 osclaíodh Gaelscoil Thromaire - foirgneamh galánta nua agus tá muintir Thromaire ag féachaint i dtreo na todhchaí

Stair an Oideachais Lán Ghaeilge ó Thuaidh

Tarlach Mac Giolla Bhríde, Comhairle Na Gaelscolaíochta

Tús Ré; Bunú Bhunscoil Phobal Feirste

I ndeireadh na 1960í, chuir grúpa tuismitheoirí óga le Gaeilge fúthu ar Bhóthar Seoighe in Iarthar Bhéal Feirste agus shocraigh siad a gclanna a thógáil i dtimpeallacht Ghaeilge. Bhí siad meáite ar an chur chuige teangeolaíoch seo a choinneáil nuair a bhí a bpáistí in aois scoile agus forbairt nádúrtha ab ea córas oideachais a bhunú a chuirfeadh oideachas lán-Ghaeilge ar fáil dá bpáistí. Faoi 1971 bhí naonúr páiste ina gcónaí sa phobal a bhí in aois scoile agus bunaíodh bunscoil lán-Ghaeilge, Bunscoil Phobal Feirste. Faoi bhainistíocht na dtuismitheoirí, d'éirigh leis an scoil, leathnaigh sí agus thosaigh sí ag mealladh líon méadaitheach páistí ó lasmuigh den phobal. Bhí deacrachtaí móra ag na teaghlaigh aitheantas a chinntiú don scoil agus ar feadh tamaill bhí siad i mbaol ionchúisimh as 'scoil neamhchláraithe' a bhainistiú.

Chun freastal ar an mhéadú a tháinig ar líon na bpáistí ó theaghlaigh nach raibh Gaeilge acu, bhunaigh tuismitheoirí na scoile clár tumoideachais réamhscoile. Osclaíodh naíscoil in 1978 agus chuir an clár tumoideachais sin deis ar fáil do pháistí ó chúlraí labhartha Béarla, bunghnéithe na Gaeilge a shealbhú.
Sa bhliain 1984, bhain an bhunscoil stádas amach mar bhunscoil dheonach faoi chothabháil, a mheall tacaíocht airgid don scoil sa deireadh. Aithnítear gurbh é bunú bhunscoil Bhóthar Seoighe an chéim ba thábhachtaí in athbheochan na Gaeilge sna sé chontae ag deireadh na 20ú Aoise.

Sa lá atá inniu ann, tá os cionn 400 páiste cláraithe i mBunscoil Phobal Feirste atá ag fáil oideachais in áiseanna den chéad scoth.

Tionscnaimh eile Gaelscolaíochta Ó Thuaidh

Cuireadh tús le tionscnaimh den chineál céanna i mbailte agus i gcathracha eile, Doire agus an tlúr ina measc.

Bhunaigh díograiseoirí Dhoire aonad Gaeilge i mbunscoil Chaitliceach in 1983. Fuair an t-aonad lán-Ghaeilge seo de chuid Bhunscoil Bhaile na Stíle cúnamh deontais, agus mar thoradh ar rollú méadaithe, d'fhorbair sé ina scoil shaorsheasaimh in 1993 laistigh den earnáil Chaitliceach faoi chothabháil. In 1984 forbraíodh an dara bunscoil i mBéal Feirste, Gaelscoil na bhFál, chun freastal ar éileamh méadaithe an oideachas lán-Ghaeilge sa chathair agus aithníodh í, le maoiniú ón rialtais, in 1992. Bunaíodh Gaelscoil in Iúr Cinn Trá in 1987 ach ní go dtí 1997 ar tugadh maoiniú iomlán don scoil.

Osclaíodh an chéad iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i mBéal Feirste in 1991 le beirt mhúinteoir lánaimseartha agus 9 ndalta. Faoi 1994 bhí 100 dalta ag freastal ar an scoil agus sa lá atá inniu ann, tá cóiríocht den scoth ag Coláiste Feirste agus níos mó ná 800 dalta ar an chlár.
In 2003 osclaíodh sruth lán-Ghaeilge i gColáiste Chaitríona Ard Mhacha, agus tugadh cúnamh deontais dó láithreach. Faoi láthair, tá soláthróirí iar-bhunscoile i mBéal Feirste, Ard Mhacha, Caisleán Uidhilín, Domhnach Mór agus i nDún Geimhin, áit ar bunaíodh Gaelcholáiste Dhoire in 2015. Tá an dara soláthar iar-bhunscolaíochta á phleanáil faoi láthair do Thuaisceart Bhéal Feirste.

Coláiste Ollscoile Naomh Muire & An tÁisaonad Lán Ghaeilge

I rith 1994-96, cuireadh tionscadal taighde i gcrích chun pleanáil a dhéanamh d'oideachas tosaigh múinteoirí trí mheán na Gaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. Cuireadh tús leis an gcúrsa TICO (PGCE) lán-Ghaeilge in 1995. An bhliain dár gcionn, chuir an chéad chohórt de mhic léinn B.Oid. lán Ghaeilge tús lena sainchúrsa ceithre bliana. In 1998 mar fhorbairt ar aonad acmhainne a bhí lonnaithe i mBunscoil Phobal Feirste, bunaíodh *An tÁisaonad Lán-Ghaeilge* sa Choláiste chun acmhainní teagaisc a chur ar fáil d'earnáil na Gaelscolaíochta.

Comhairle na Gaelscolaíochta

Chuir Ord Oideachais 1998, a lean Comhaontú Aoine an Chéasta, ar chumas na Roinne Oideachais deontais a íoc le 'aon chomhlacht ar dóigh leis an Roinn go bhfuil sé mar chuspóir acu oideachas lán-Ghaeilge a chur chun cinn'. I mí Lúnasa 2000 bhunaigh an Roinn Oideachais *Comhairle na Gaelscolaíochta* chun forbairt straitéiseach an Ghaeloideachais a spreagadh agus a éascú, chun treoir agus comhairle a chur ar fáil d'earnáil na Gaelscolaíochta agus chun comhairle a chur ar an Roinn Oideachais maidir lena dualgas reachtúil chun an Ghaelscolaíocht a 'spreagadh agus a éascú'.

Tá Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) anois mar chomhlacht páirtspleách de chuid na Roinne Oideachais agus tá foireann de 11 duine againn atá freagrach as réimse leathan saincheisteanna Gaelscolaíochta.

Is í fís Comhairle na Gaelscolaíochta d'earnáil na Gaelscolaíochta ná *gréasán de scoileanna beoga, inmharthana lán-Ghaeilge, ón réamhscoil go dtí an iar bhunscoil, ag cur barr feabhais san oideachas ar fáil, i gcroílár fhorbairt phobal na Gaeilge.*

Is é misean Comhairle na Gaelscolaíochta *cur le forbairt pobal bríomhar Gaeilge trí rochtain ar oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán a chinntiú dóibh siúd ar mian leo é.*

Iontaobhas na Gaelscolaíochta

Bunaíodh Iontaobhas na Gaelscolaíochta (InaG) i mí an Mhárta 2001. Cuireann InaG tacaíocht ar fáil d'fhorbairt na hearnála trí dheontais a bhronnadh ar scoileanna neamhspleácha agus trí chabhrú le costais chaipitil do scoileanna atá ceadaithe le haghaidh cúnamh deontais athfhillteach ach nach bhfuil incháilithe go fóill do dheontais chaipitil.

Altram

Bhunaigh grúpa tograí pobalbhunaithe Gaeilge Altram in 1990 chun tacaíocht, oiliúint agus comhairle a chur ar fáil d'earnáil na luathbhlianta Gaeilge, tuismitheoirí agus coistí san áireamh agus chun cur le forbairt pobail Ghaeilge. Faoi láthair, tá Altram maoinithe ag Roinn an Oideachais lena gcuid seirbhísí tacaíochta sainiúla a sholáthar d'fhormhór na naíscoileanna lán Ghaeilge ó thuaidh.

Buntáistí na Gaelscolaíochta

Tá níos mó agus níos mó tuismitheoirí ag baint leasa as oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí i dtuaisceart na tíre; meallann na buntáistí iomadúla a bhaineann leis an dátheangachas agus leis an tumoideachas iad, lena n áirítear; an cumas méadaithe chun tuilleadh teangacha a fhoghlaim; scileanna cumarsáide agus tuisceana feabhsaithe agus ar ndóigh, an muintearas a bhaineann le bheith mar chuid de phobal bríomhar Gaeilge.

Earnáil na Gaelscolaíochta inniu

Tá níos mó ná 7300 dalta in earnáil na Gaelscolaíochta faoi láthair i 44 soláthar réamhscoile; 35 bunscoil (8 gcinn acu in aonaid i scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil); 1 scoil Chaitliceach faoi Chothabháil; 2 iar bhunscoil neamhspleácha agus 3 aonad iar-bhunscoile.

Is earnáil bheag í an Ghaelscolaíocht ach is earnáil í atá ag fás go gasta, an earnáil is mó fáis san oideachas faoi láthair. Tá méadú 20% tagtha ar an líon foriomlán ó 2016-17 agus dá leanfaí ar aghaidh leis na treochtaí rollaithe reatha, fiú gan aon mhéadú ar iontrálacha bliantúla reatha chuig an earnáil bunscoile, thiocfadh méadú ar an rollú foriomlán ó 4,501 go 5,015 faoin scoilbhliain 2025/26. Is ionann sin agus méadú iomlán de bhreis is 500 dalta nó 11.4%.

Beidh méadú 978 dalta nó 74% ar líon na ndaltaí san earnáil lán Ghaeilge iar bhunscoile sna 6 bliana amach romhainn. Is ionann sin agus meánfhás bliantúil de 9.65%.

An Todhchaí

Is léir mar sin de go mbeidh ráchairt ar an Ghaelscolaíocht sna blianta amach romhainn agus tá ábhar misnigh ann dúinn ó thaobh a bhfuil i ndán don Ghaelscolaíocht. Beidh neart oibre agus comhoibrithe i gceist, lenár gcomhghleacaithe in Gaeloideachas agus eagraíochtaí eile, leis an bhorradh atá faoin earnáil a choinneáil ag dul, ach mar a dúirt fear críonna tráth; 'na habair é - déan é!'

Micheal Ó Broin, Uachtarán Gaeloideachas ó 2005-2011

"Ba phribhléid é a bheith mar Uachtarán ar Ghaelscoileanna ar feadh 6 bliana agus an t-ádh orm go raibh Bord agus foireann bhríomhar thacúil ag comhoibriú liom ar mhaithe lenár bpobail scoile le linn an ama sin. I measc na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu i rith an ama ná an méadú ar an gcóimheas dalta-múinteoirí, an moratóir ar bhunú scoileanna nua agus an sága leanúnach maidir le cóiríocht mhí-oiriúnach agus shealadach, feachtas atá fós gar do mo chroí féin i Sligeach. I lár mo thréimhse mar Uachtarán a tharla an comhrac chun an luath-thumoideachas iomlán a chosaint agus a neartú inár scoileanna, i gcoinne rún an Aire agus a Roinne deireadh a chur leis. Bhí an Bord, foireann agus na scoileanna go mór chun tosaigh san fheachtas rathúil seo, a leag amach sa deireadh an bonn le haitheantas iomlán a bheith tugtha do mhúnla an luath-thumoideachais i ngach rannóg den Roinn, go háirithe trí theacht i bhfeidhm an Churaclaim
Teanga nua."

Uachtaráin na heagraíochta thar na mblianta



Ardfheidhmeannaigh na heagraíochta thar na mblianta



Anna Ní Chartúir, Uachtarán Gaeloideachas ó 2017-2018

"Bliain stairiúil a bhí inti. Tar éis blianta fada a bheith caite ag Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, ag Gaeloideachas, agus ag eagraíochtaí eile, ag éileamh Polasaí Oideachais Gaeltachta ar an Roinn Oideachais, bhí an tumoideachas á chur i bhfeidhm den chéad uair i ngach scoil a chláraigh don Scéim Aitheantas mar Scoil Ghaeltachta an Fómhar sin. Chiallaigh sé seo nach múinfí Béarla sa chéad dá bhliain sa bhunscoil, rud a thabharfadh an deis do na gasúir an Ghaeilge a fhoghlaim nó a shaibhriú. Ba mhór an ní an líon scoileanna Gaeltachta a chláraigh don scéim agus a thug faoin obair dhúshlánach a bhain léi. Tháinig ceisteanna éagsúla chun cinn, rinneadh cur is cúiteamh faoin gcaoi a n oibreodh an Polasaí Oideachais Gaeltachta sna scoileanna, agus d'oibrigh Gaeloideachas leis na scoileanna, i gcomhar leis an Aonad Gaeltachta faoi stiúir an Dr Treasa Uí Chuirc, chun an polasaí nua a chur i bhfeidhm.

Ós rud é go dtugann Gaeloideachas aird ar leith ar ghasúir a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, eagraíodh oíche eolais i gColáiste na Tríonóide maidir leis an oideachas dátheangach do pháistí a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus chumarsáide acu. Dearbhaíodh an oíche sin gur buntáiste breise don ghasúr le deacrachtaí teanga agus cumarsáide atá san oideachas dátheangach.

An bhliain sin freisin, i gcomhar leis an mbord stiúrtha agus leis na scoileanna, forbraíodh Plean Straitéiseach na hEagraíochta do 2018-2022 agus leagadh amach fís agus misean na hEagraíochta: go mbeidh sealbhú agus sóisialú na Gaeilge á gcur chun cinn tríd an tumoideachas lán Ghaeilge ón réamhscolaíocht go go dtí an iar bhunscolaíocht fud fad na tíre, agus go mbeidh fáil ar thumoideachas lán Ghaeilge ar ardchaighdeán ag gach tuismitheoir agus caomhnóir arb é a rogha é dá chuid páistí. Leagadh amach na prionsabail a threoródh na gníomhaíochtaí éagsúla chun an sprioc sin a bhaint amach, rud atá ar bun go leanúnach mar chuid d'obair na heagraíochta.

Is i nGaillimh a reáchtáladh an Tionól Forbartha i bpáirt le COGG in 2018 agus bhí freastal an mhór air. Thug gasúir Scoil Sailearna taispeántas spleodrach ceoil agus agallaimh beirte a bhain neart gáirí as an slua a bhí i láthair. Ba é an tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh a thug príomhchaint spreagúil an tionóil 'An Pobal Beo – Pobal Bisiúil', caint a chothaigh plé agus díospóireacht maidir le céard is pobal beo ann agus céard is gá a dhéanamh chun go mbeadh an pobal bisiúil. Gura fada buan sinn!"

An Bord Stiúrtha 2023 -2024

Micheál S. Mac Donnacha
Uachtarán
Múinteoir bunscoile atá ar iasacht ó Scoil Mhic Dara, An Cheathrú Rua agus ina Oifigeach don Pholasaí um Oideachas Gaeltachta le COGG.

Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Leas-Uachtarán
Príomhoide Ghaelscoil Bhaile Brigín, B.Á.C

Róise Nic Corraidh
Ionadaí Réigiún 1
Múinteoir bunscoile i Scoil Cholmcille, Duibhlinn Riabhach, Ros Goill, Co Dhún na nGall

Crios Hickson
Ionadaí Réigiún 2
Múinteoir bunscoile & Príomhoide Cúnta i nGaelscoil Phort-laoise.

Órla Ní Fhinneadha
Ionadaí Réigiún 3
Múinteoir bunscoile & Leasphríomhoide Scoil Éinne, An Spidéal.

Máiréad Ní Chatháin Uí Chonchúir
Ionadaí Réigiún 4
Múinteoir Bunscoile, Post Cúnta i nGaelscoil Lios Tuathail, Co. Chiarraí.

Tomás de Buitléir
Ionadaí Réigiún 5
Príomhoide Tánaisteach, Gaelcholáiste Cheatharlach.

Antóin Delap
Ionadaí Réigiún 6 -
Cathaoirleach Bhord Bainistíochta Choláiste Eoin, Baile Átha Cliath.

Cathnia Ó Muircheartaigh
Ionadaí Earnáil na nIar-bhunscoileanna-
Príomhoide Choláiste Pobail Osraí, Cathair Chill Chainnigh, Uachtarán reatha de Chumann Náisiúnta Priomhoidí agus Priomhoidí Táinisteacha (NAPD), Cathaoirleach ar Chomhairle COGG.

Toirdealbhach Ó Lionáird
Ionadaí Earnáil na nIar-bhunscoileanna
Príomhoide Choláiste Ghobnatan i mBaile Mhic Íre, Co. Chorcaí, ar iasacht mar Oifigeach Iar-bhunscoile don Pholasaí um Oideachas Gaeltachta le COGG.

Ciara Ní Chonchúir
Ionadaí Earnáil na mBunscoileanna Gaeltachta
Múinteoir tacaíochta teangan faoin bPolasaí um Oideachas Gaeltachta sa Rinn.

Cormac Ó Tuairisg
Ionadaí Earnáil na mBunscoileanna Gaeltachta
Múinteoir i Scoil Éinne, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Laura Ní Chathasaigh
Ionadaí Earnáil na mBunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht - Múinteoir i nGaelscoil Bhaile Brigín, B.Á.C.

Marc de Grás
Ionadaí Earnáil na mBunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht
Príomhoide Ghaelscoil na nDéise, Co Phort Láirge agus ball de Chomhairle Náisiúnta Líonra Príomhoidí Bunscoile Éireann.

Deborah Ní Cheallaigh
Comhthofa
Múinteoir i bhFeighil ar Aonad Loch Gile, Sligeach.

Diarmaid Ua Bruadair
Comhthofa
Príomhoide, Gaelcholáiste Dhoire, Co Dhoire.

Dr Máire Mhic Mhathúna
Comhthofa
Taighdeoir sa luath-oideachas agus sealbhú teanga. Is ball i de choistí oideachais éagsúla agus tá spéis faoi leith aici in bhforbairt ghairmiúil oideoirí luathbhlianta.

Ráitis Foirne

Bláthnaid ní Ghréacháin, Ardfheidhmeannach

Leis an eagraíocht ó 2006 - "An t-údár sástachta ba mhó domsa ná tionchar Gaeloideachas agus a chuid abchóideachta a fheiceáil ar pholasaithe Stáit agus ar fheabhsú agus forbairt córais. Taobh thiar den obair mhór seo, amannta nach bhfuil feiceálach, tá daoine a chreideann ina gcroíthe istigh gur ceart, gur fiú agus gur féidir linn tionchar dearfach a imirt - le chéile agus dá chéile."

Nóra Ní Loingsigh, Leas- Ardfheidhmeannach

Leis an eagraíocht ó 1999 - "An túdar sástacha ba mhó le linn mo thréimhse le Gaeloideachas ná an t-idirphlé go léir déanta le daoine atá paiseanta don oideachas lán-Ghaeilge/ don Ghaeilge idir tuismitheoirí, oideachasóirí agus díograsóirí eile – go mb fada buan sibh ! "

Clare Spáinneach, Bainisteoir Seirbhísí

Leis an eagraíocht ó 2009 - "Na cásanna eisceachtúla inar éirigh linn cabhrú le pobail timpeall na tíre oideachas lán-Ghaeilge a bhaint amach dá bpáistí, ainneoin próiseas an Stáit a bheith ina choinne, leithéidí Gaelscoil na Laochra i mBiorra agus Bunscoil Sráid Synge i gcathair Bhaile Átha Cliath."

Tonaí Ó Roduibh – Oifigeach Forbartha (Gaeltacht)

Leis an eagraíocht ó 2020 - "An t-údar sástachta ba mhó le linn mo thréimhse le Gaeloideachas ná a bheith in ann cabhair a thabhairt d'oidí agus do theaghlaigh agus iad ag tógáil an chéad ghlúin Ghaelach eile."

Ciara Ní Bhroin, Oifigeach Forbartha

Leis an eagraíocht ó 2004 - "An tsíorfhoghlaim agus spreagadh ó bheith ag plé le comhghleacaithe, oideachasóirí, teaghlaigh agus pobail dhíograiseacha thiomanta thar na blianta. Seasann cúpla buaicphointe faoi leith amach dom – bunú Ghaelscoil Áine, scoil do pháistí Bhaile Átha Cliath 1, 3 agus 9 a bunaíodh tar éis feachtas mór fada amuigh ar na sráideanna; agus an dul chun cinn mór atá á dhéanamh i dtaobh na dtacaíochtaí a chuirtear ar fáil do ghasúir agus dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tugann sé seo ardú croí dom i gcónaí."

Clodagh Ní Mhuirí, Feidhmeannach Cumarsáide agus Riaracháin

Leis an eagraíocht ó 2021 – "An t-údár sástachta is mó domsa ná cinntiú go gcloisfear guth na hearnála go láidir sna meáin agus ar líne nuair a thagann ceisteanna tábhachtacha chun cinn."

Lá foirne agus lá báistí ar Shliabh Uisneach, Co na hIarmhí, Iúil 2023.

Ó chlé chun tosaigh: Peigí Ní Chonghaile, Tonaí Ó Roduibh, Nóra Ní Loingsigh, Bláthnaid ní Ghréacháin, Katie Ní Riain, Sandra Uí Chléirigh. Ar chúl: Clare Spáinneach, Clodagh Ní Mhuirí, Ciara Ní Bhroin.

Katie Ní Riain, Oifigeach Forbartha

Leis an eagraíocht ó 2016 – "An t-údar sástachta ba mhó le linn mo thréimhse le Gaeloideachas ná ag casadh ar daoine thar na mblianta atá tiomanta i dtreo oideachas lán-Ghaeilge den chéad scoth a chruthú agus a chothú, agus muid ag obair as lámha a chéile."

Sandra Uí Chléirigh, Feidhmeannach Airgeadais

Leis an eagraíocht ó 2013 - "Táim an-sásta go bhfuil tacaíocht Gaeloideachas do na naíonraí méadaithe thar na mblianta agus go bhfuil naíonraí anois mar bhaill den eagraíocht. Tá an-bhá agam leo ó bheith ag obair le Forbairt Naíonraí Teoranta sular tháinig mé go Gaeloideachas, agus is iad an chéad chéim iad do pháistí a bhíonn ag tabhairt faoin oideachas lán-Ghaeilge. Go mba fada buan na naíonraí!"

Peigí Ní Chonghaile, Oifigeach Forbartha (Gaeltacht)

Leis an eagraíocht ó 2015 – "An t-údár sástachta is mó domsa ná méid daoine a chastar ort san earnáil seo a bhfuil an oiread suime agus paisin acu don Ghaeilge agus don oideachas Gaeltachta & lán-Ghaeilge, cá mbeadh muid á bhfuireasa?"

Oideachas Gaeltachta agus Scéim Aitheantais na Scoileanna Gaeltachta

Anna Ní Chartúir, Scoil Sailearna, Indreabhán & Iar-Uachtarán Ghaeloideachas 2017-2018

Céim mhór chun cinn a bhí ann, sa bhliain 2017, nuair a léirigh na pobail Ghaeltachta tacaíocht do Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus nuair a chinn formhór na scoileanna Gaeltachta iarratas a dhéanamh ar Scéim Aitheantais na Scoileanna Gaeltachta. Tugann an scéim seo aitheantas ar leith do na cainteoirí dúchais sna Gaeltachtaí uile agus treoir do na scoileanna maidir lena n-oidhreacht luachmhar a chosaint do na glúnta amach romhainn. Is mór an ní é sin.

Tá an tumoideachas á chur i bhfeidhm ó shin sna bunscoileanna a chláraigh don scéim, rud a chiallaíonn gur oideachas iomlán i nGaeilge atá á fháil ag an dalta don chéad dá bhliain ar scoil agus gur oideachas iomlán Gaeilge atá á fháil aige ina dhiaidh sin lasmuigh de mhúineadh an Bhéarla agus teangacha eile.

Leis an tumoideachas, aithnítear go bhfuil riachtanais éagsúla teanga ag páistí ag tosú ar scoil, bídís ina gcainteoirí dúchais nó ina bhfoghlaimeoirí. Sna naíonáin, féachtar leis na scileanna teanga atá ag an gcainteoir dúchais a threisiú agus a láidriú, agus is minic a fhaigheann na gasúir teagasc i ngrúpaí beaga. Tugann sé seo an-deis don chainteoir dúchais a chumas cainte a neartú agus cur le scileanna litearthachta a réiteoidh don fhoghlaim é. Maidir leis an bhfoghlaimeoir Gaeilge, bíonn an teagasc treoraithe ag spriocanna agus dírithe ar na riachtanais teanga a réiteoidh don fhoghlaim é. Is luachmhar an scafall é seo do dhul chun cinn an ghasúir san oideachas.

Mar chuid den Scéim, chuir an Roinn Oideachais uaireanta tacaíochta teanga de réir mhéid na scoile ar fáil do na scoileanna. Is gné an-thábhachtach den scéim é seo mar go bhfuil scoileanna in ann múinteoirí a cheapadh chun na huaireanta tacaíochta teanga sin a chur ar fáil agus cúnamh a thabhairt do ghasúir, bídís ag foghlaim na Gaeilge nó á saibhriú. Is é an t-aon chúram a bhaineann le múinteoirí na n-uaireanta tacaíochta teanga seo ná cúram na Gaeilge, agus is faoi na scoileanna féin a shocrú cén chaoi leis an leas is fearr a bhaint as an gcúnamh sin. Athraíonn sé sin de réir riachtanas na scoile.

I suíomh tuaithe, baineann deacrachtaí praiticiúla leis an scéim. Is minic nach leor an cúig uair an chloig tacaíochta teanga do scoil le beirt oide — áit a mbíonn ceithre rang á múineadh in aon seomra ranga amháin. I scoil ina bhfuil naíonáin bheaga, naíonáin mhóra, agus na bunranganna le chéile, cuir i gcás, nuair a bhíonn Béarla le teagasc do Rang 1 agus 2, bítear ag iarraidh naíonáin a scaradh uathu — rud nach bhfuil indéanta san áit nach bhfuil ach múinteoir amháin sa seomra. Theastódh cúnamh breise freisin i scoileanna trí oide — áit a mbíonn líon ard gasúr i seomra ranga agus gan mórán seans ann go mbeadh dóthain scoláirí acu chun an ceathrú múinteoir a cheapadh ionas nach mbeidh ach cúram dhá rang ar gach múinteoir.

SN an Tuairín, Conamara

Is léir, mar sin, go bhfuil ról lárnach ag an gcúntóir teanga i gcur chun cinn an tumoideachais, ach is locht mór ar an gcóras é nach mbíonn na cúntóirí teanga ag obair sna scoileanna ar an gcéad lá den scoilbhliain, nuair is géire a theastaíonn cúnamh ó ghasúir leochaileacha atá díreach tosaithe ar scoil — cuid acu ar bheagán Gaeilge. Is éileamh é seo atá á dhéanamh ag scoileanna na Gaeltachta le fada an lá. Tá forbairt ghairmiúil leanúnach breise do na múinteoirí á soláthar ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), ar son na Roinne Oideachais, agus cuireann an Roinn Oideachais treoirlínte don tumoideachas ar fáil do scoileanna freisin. Tugann an fhorbairt ghairmiúil a chuirtear ar mhúinteoirí le linn laethanta inseirbhíse COGG deis dúinn foghlaim óna chéile agus eolas agus dea-chleachtas a roinnt lena chéile.

Go deimhin, tá ardú meanma le sonrú sna scoileanna le blianta beaga anuas, tá spiorad pobail á chothú, agus tá dea-chaidreamh á fhorbairt ag scoileanna le tuismitheoirí, le COGG, leis an Aonad Gaeltachta, leis na hOifigigh Phleanála Teanga agus le dreamanna eile. Cuireann an tuiscint níos doimhne atá á fáil ag tuismitheoirí ar obair na scoile go mór lena gcumas cabhrú lena gcuid gasúr. Ní hamháin go bhfuil spreagadh agus misneach á bhfáil ag múinteoirí, agus tuiscint bhreise ar shaoithiúlacht na Gaeltachta, ach tá mórtas orthu as a gcuid oibre féin dá réir.

Ó thaobh na scoile de, tá obair mhór i gceist leis an Scéim Aitheantais Gaeltachta. In imeacht na gcúig bliana seo caite, ghlac na scoileanna go fonnmhar leis an obair bhreise, leis na hathruithe agus leis an dúshlán a bhain leis sin. Mar chúiteamh ar an obair bhreise sin, chabhródh sé go mór dá dtabharfaí an liúntas Gaeltachta do gach múinteoir atá ag teagasc i scoil atá cláraithe don scéim. Cuireadh deireadh leis an liúntas seo d'fhostaithe nua in aimsir na géarchéime ach tá sé ina chnámh spairne ó shin san áit a bhfuil múinteoirí ag déanamh na hoibre céanna ar pá difriúil.

Cé gur maith ann an Scéim Aitheantais, tá dúshlán ag baint léi agus tá deacrachtaí le réiteach. Cheal múinteoirí, tá géarchéim sna hiar-bhunscoileanna. Ní mór don Roinn Oideachais beartú ar bhonn práinne chun go mbeadh múinteoirí cáilithe ar fáil d'iar-bhunscoileanna na Gaeltachta, agus iad inniúil ar mhúineadh trí Ghaeilge.

Tá cinneadh déanta ag an Aire Oideachais na hathruithe a bhí beartaithe maidir le sonraíochtaí nua don Ghaeilge don tSraith Shinsearach a chur ar leataobh, agus b'fhéidir nach drochrud é seo. Tá ceachtanna le foghlaim ón athbhreithniú ar an tSraith Shóisearach. Beidh gá le comhairliúchán nua, agus próiseas ina ndearfaí siollabas don Ghaeilge don tSraith Shinsearach, siollabas a d'fhreastalódh i gceart, den chéad uair, ar riachtanais foghlama scoláirí uile na tíre.

Tá go leor plé déanta faoi shiollabais éagsúla agus cúrsa dúshlánach roghnach a chur ar fáil. Ach is í an chontúirt a bhainfeadh le dhá chúrsa a chur ar fáil agus na pointí céanna ann dóibh, ná go ndéanfadh na mic léinn an cúrsa is éasca seachas an cúrsa is oiriúnaí dóibh. Chun go dtabharfadh mic léinn faoi chúrsa níos dúshlánaí, is gá go mbeadh na pointí don chúrsa sin i gcomhréir leis an ardchaighdeán a éilítear.

I ndeireadh na cúise, is gá d'aon siollabas nua scáthánú a dhéanamh ar an siollabas Béarla don tSraith Shinsearach agus an caighdeán céanna a éileamh ar an gcainteoir dúchais is a bheifí ag súil leis ó chainteoir dúchais Béarla.

Ní dhéanann an Polasaí don Oideachas Gaeltachta, mar atá anois ann, freastal cuí ar an bpáiste a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige. Tá polasaí agus treoir shoiléir ón Roinn Oideachais agus ón gComhairle Um Oideachas Speisialta ag teastáil le freastal ar an bpáiste a bhfuil riachtanais speisialta aige. Chabhródh sé go mór dá mbeadh suíomh na Comhairle Um Oideachas Speisialta dátheangach agus go mbeadh teacht go héasca ag tuismitheoirí agus scoileanna ar eolas ó fhoinsí eile (leithéidí NEPS), ar thacaíocht, agus ar fhoirmeacha i nGaeilge.

Le go bhfeidhmeoidh an polasaí i gceart, caithfear freisin treoir ón stát a chur ar fáil do theiripeoirí cainte, do theiripeoirí saothair, d'fheidhmeannaigh na seirbhíse sláinte, do shíceolaithe agus do shaineolaithe eile, maidir leis an gcaoi le freastal ar riachtanais an pháiste. Chuige seo, theastódh tástálacha caighdeánaithe agus uirlisí measúnachta cuí. Is gá freisin cabhrú le teiripeoirí inniúlacht sa teanga a bhaint amach sula dtugann siad faoi sheirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do scoileanna. Sin í an chéad chéim eile atá le baint amach.

In ainneoin na ndúshlán sin, is maith ann an Scéim Aitheantais agus tá sé tábhachtach go leanfaí léi sna blianta amach romhainn agus go dtacóidh na scoileanna léi. Go deimhin, lena chinntiú go mbeidh oideachas ar

ard-chaighdeán i nGaeilge ar fáil do scoláirí na Gaeltachta amach anseo, tá sé tábhachtach go leanfaí den mhaoirseacht atá á déanamh ag an bhForas Taighde uirthi, i gcomhar leis an Aonad Um Oideachas Gaeltachta agus go gcothófaí leanúnachas ón naíscoil go dtí an bhunscoil, go dtí an mheánscoil, agus go dtí an t-oideachas tríú leibhéal.

Ach tá nithe tábhachtacha eile le baint amach againn. Is léir anois go dteastaíonn polasaí stáit don oideachas trí mhéan na Gaeilge ina iomláine — ní hamháin sa naíscoil, sa bhunscoil agus sa mheánscoil, ach sna coláistí tríú leibhéal freisin. Polasaí é sin a leagfadh síos treoirlínte, critéir agus tacaíochtaí cosúil leo siúd atá ar fáil do scoileanna Gaeltachta ach iad a bheith ar fáil do gach uile scoil sa tír a mhúineann trí mheán na Gaeilge.

Is minic a labhraímid ar an nGaeilge mar theanga pobail, mar mhionteanga, agus mar theanga Ghaeltachta, ach ná déanaimis dearmad gurb í an Ghaeilge an teanga náisiúnta. Is í an Ghaeilge an ghné is sainiúla a bhaineann linn mar Éireannaigh. Is inti atá traidisiún agus saoithiúlacht an oileáin seo le dhá mhíle bliain agus is tríthi atáimid in ann labhairt go féinmheasúil, muiníneach ar ardáin an domhain, agus má chuirimid ar chumas ár scoláirí é sin a dhéanamh, ní beag sin

Fíona Uí Uiginn, Uachtarán Gaeloideachas ó 2018-2019

“Agus an eagraíocht ag ceiliúradh 50 bliain ar an bhfód, ba mhaith liom an deis a thapú tréaslú leo siúd ar fad a raibh baint acu leis an eagraíocht ó bunaíodh í siar in 1973.

Nuair a bunaíodh Gaelscoileanna Teo ní raibh ach dornán beag scoileanna Lán-Ghaeilge sa tír seo lasmuigh den Ghaeltacht. Is de bharr fhís na gceannródaithe agus obair chrua na nglúnta a lean iad atá an Ghaelscolaíocht faoi bhláth anois. Le linn mo thréimhse uachtaránachta in 2018 bunaíodh trí bhunscoil nua, Gaelscoil Ruairí, Gaelscoil Áine agus Gaelscoil Laighean i mBaile Átha Cliath agus Aonad lán-Ghaeilge, Gaelscoil Mhic Shuibhne i gCorcaigh, scoileanna atá ag dul ó neart go neart ó shin i leith.

Ina theannta sin cuireadh tús le B.Oid trí mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino i Meán Fómhair 2018 agus tá an chéad chohórt de 36 mac léinn díreach cáilithe agus is cinnte go gcuirfidh siad go mór le soláthar bunmhúinteoirí inniúla dár scoileanna, rud a bhfuil géarghá leis.

Faoi 2018-2019 bhí an Polasaí don Oideachas Gaeltachta faoi lánseol agus tionchar dearfach aige cheana féin go háirithe maidir le cur chun cinn an tumoideachais ar bhonn comhleanúnach sna scoileanna Gaeltachta.

Eiseamláir is ea an Polasaí seo den mhéid is féidir a bhaint amach ach toil, taighde, comhairliúchán agus acmhainní cuí a chur taobh thiar de pholasaí agus le linn na bliana 2018-2019 chuir an Roinn Oideachais tús le Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge a fhorbairt do na scoileanna lán-Ghaeilge ar fad sa tír, rud a bhí á éileamh ag Gaeloideachas le fada an lá.

Tharla an dara comhdháil ar Riachtanais Speisialta Oideachais sa Mhuileann gCearr in Aibreán 2019 agus bhí an fhreastal uirthi agus roinneadh saineolas thar a bheith luachmhar ag an ócáid.

Lean an eagraíocht d'eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí faoi na tacaíochtaí atá ar fáil agus leanadh de sheirbhísí riachtanacha trí mheán na Gaeilge a éileamh le haghaidh na ndaltaí seo in ár scoileanna.

Ceann de bhuaicphointí mo thréimhse uachtaránachta ná an Tionól Forbartha in Óstán Pháirc an Róistigh i gCorcaigh agus an tAire Oideachais, Joe McHugh, i láthair. Thug sé an-éisteacht dúinn agus mar chuid dá aitheasc thug sé geallúint thábhachtach dúinn nach ndéanfaí aon athrú ar stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar san Ardteist mar chuid den athbhreithniú atá idir lámha ar an tsraith shinsearach. Chuir na taispeántais cheoil agus comhrá ó dhaltaí as Corca Dhuibhne agus as Gaelscoileanna Chorcaí go mór leis an ócáid.

Mar fhocal scoir, ba phribhléid domsa a bheith i m'Uachtarán ar Ghaeloideachas, eagraíocht atá ag cur chomh mór le seasamh agus stádas na Gaeilge ag croílár an chórais oideachais in Éirinn inniu.

Tá na síolta a cuireadh thiar in 1973 fásta agus faoi bhláth anois, a bhuíochas do na ceannródaithe a raibh an fhís acu. Go leana an eagraíocht leis an obair thábhachtach seo sna blianta atá amach romhainn agus gura fada buan Gaeloideachas!”

Ag tacú le bunchloch an chórais tumoideachais

Clare Spáinneach, Bainisteoir Seirbhísí Gaeloideachas

Ról Gaeloideachas ag plé le naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht le deich mbliana anuas

Tá Gaeloideachas ag plé leis na naíonraí mar chuid d'fheidhmeanna na heagraíochta ó 2014, nuair a bronnadh de stádas uirthi gurbh í an cheanneagraíocht a bhí freagrach as réimse an tumoideachais, an Ghaeloideachais agus na réamhscolaíochta lán Ghaeilge a chur chun cinn. Sa bhliain chéanna, tháinig deireadh leis an eagraíocht Forbairt Naíonraí Teoranta (FNT) mar thoradh ar chuíchóiriú earnáil dheonach na Gaeilge agus cinneadh na Roinne Leanaí gan maoiniú a chur ar fáil dóibh faoi chuíchóiriú earnáil dheonach na luathbhlianta chomh maith. Buille trom a bhí ann do na naíonraí, a lean buille trom eile in 2013, nuair a cuireadh deireadh leis an scéim fóirdheontais do naíonraí a bhí á riaradh ag FNT agus á maoiniú ag Foras na Gaeilge.

Tréimhse an-leochaileach a bhí ann le haghaidh earnáil na luathbhlianta lasmuigh den Ghaeltacht mar sin nuair a thosaigh Gaeloideachas ag gníomhú ar a son. Bhí dúshlán nach beag ann do Ghaeloideachas chomh maith, le feidhmeanna na heagraíochta á leathnú ní hamháin chuig réimse na luathbhlianta lasmuigh den Ghaeltacht ach go hearnáil na scoileanna Gaeltachta chomh maith. Le freagairt don suíomh nua, athraíodh ainm, struchtúr foirne, struchtúr rialachais agus bunreacht na heagraíochta, agus tugadh faoi na feidhmeanna nua le fonn.

Bhí an t-ádh le Gaeloideachas go raibh agus go bhfuil i gcónaí comhairle ar fáil dúinn ó bhaill Na Naíonraí Gaelacha, eagraíocht dheonach agus neamhspleách a bunaíodh in 1974. Chabhraigh a saineolas go mór linn agus muid ag bunú ár gcuid seirbhísí d'earnáil na luathbhlianta lán Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá na seirbhísí sin teoranta go fóill ag an maoiniú atá ar fáil, faraor, ainneoin na tréanstocaireachta thar na mblianta. Bímis ag súil go dtiocfaidh feabhas air sin anois agus an Stát ag léiriú a físe chun an earnáil oideachais lán Ghaeilge a neartú - trí pholasaithe agus pleananna ar nós an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta, an Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge agus an Plean Cuimsitheach Gníomhaíochta chun forbairt agus cur chun cinn Sholáthar Gaeilge i suímh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile*, pleananna a bheidh le teacht in 2024.

Tá an earnáil luathbhlianta trí chéile faoi shíorfhorbairt agus faoi shíorathrú, agus tá an lán tarlaithe ag an leibhéal náisiúnta ó thosaigh Gaeloideachas ag plé go díreach leis na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht. Ní raibh an scéim Cúram agus Oideachais Luath-Óige (COLÓ) ach i dtús a ré go fóill, agus bhí go leor eile le teacht; rialacháin agus cigireachtaí nua, polasaithe agus scéimeanna, oibrithe ag eagrú i gceardchumainn, paindéim dhomhanda. Tá Gaeloideachas chun tosaigh i ngach fóram plé agus comhairliúcháin chun a chinntiú go gcuirfear riachtanais na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht san áireamh, agus go n aithneofar a dtábhacht mar bhunchloch an chórais tumoideachais. Bíonn muid ag éileamh idirdhealú dearfach ar a son – ní mar a chéile suíomh tumoideachais lán-Ghaeilge agus seirbhís meán Bhéarla agus is gá sin a aithint agus soláthar cuí a dhéanamh lena aghaidh. Tá méadú tagtha ar chúraimí na múinteoirí naíonra ach níl an t-aitheantas cuí á fháil acu ón Stát ina leith. Tá géarchéim earcaíochta ann dá bharr, agus tá Gaeloideachas ag moladh go nglacfar beartais le dul i ngleic leis sin chun nach gcuirfear deireadh le seirbhísí. Is údar n-mhór imní an laghdú atá tagtha le blianta beaga anuas ar an líon naíonraí atá ag feidhmiú sa tír. Briseadh croí a bhíonn ann i gcás gach seirbhís a gcuirtear deireadh léi – a bhformhór díobh is éard is cúis leis sin ná nach féidir leo foireann a earcú nó a choinneáil toisc coinníollacha pá san earnáil – agus cailleann na céadta páistí an deis an Ghaeilge a shealbhú agus iad ag tús a n-aistear oideachais. Tuigeann muid go bhfuil an-éileamh ar naíonraí, agus is gá don Stát cinntiú go mbeidh soláthar ann le freastal ar na teaghlaigh seo. Leanfaimid ag obair i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara uile na hearnála agus ag éileamh an aitheantais chuí d'fhís agus do thábhacht na naíonraí chun iad a chumasú le go mbeidh siad in ann an freastal is fearr a dhéanamh ar leanaí

Jen Uí Dhuibhir ag labhairt ag Comhdháil Luathbhlianta Gaeloideachas i gCorcaigh i Meán Fómhair 2023

2014
- Dúnadh Forbairt Naíonraí Teoranta
- Bhronn Foras na Gaeilge freagrachtaí ar Gaeloideachas maidir le naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht
- Cuireadh tús le cigireacht Tusla
- Sheol an Stát *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*, an chéad chreatlach do pholasaí náisiúnta le haghaidh leanaí agus daoine óga

2015
- Bunaíodh Better Start, an tSeirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta na Luathbhlianta
- Tús curtha ag Gaeloideachas le clár cuairteanna ar na naíonraí

2016
- Tháinig *Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 2016* i bhfeidhm
- Cuireadh tús le cigireacht na Roinne Oideachais ar sheirbhísí luathbhlianta
- Bhunaigh an Roinn Leanaí Fóram Náisiúnta na Luathbhlianta
- Chuir an Roinn Leanaí tús leis an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) agus LINC
- Leathnaigh an Stát na scéimeanna COLÓ go 2 bhliain
- Bunaíodh Big Start, feachtas SIPTU ar son na hearnála luathbhlianta

2017
- Bhunaigh an Roinn Leanaí fochoiste de chuid Fóram Náisiúnta na Luathbhlianta maidir le proifisiúnú na hearnála

2018
- Sheol Gaeloideachas www.gaeilgedonnaionra.ie
- D'fhoilsigh Gaeloideachas an treoirleabhar *Tumoideachas sa Naíonra*

2019
- Sheol an Stát *Céad 5*, straitéis uile-rialtais
- Chuir an Stát tús leis an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí

2020
- Bhí mórshiúl de 30,000 duine i mBaile Átha Cliath ar son aitheantais cuí d'earnáil na luathbhlianta
- Cuireadh deireadh le seirbhísí luathbhlianta ó Mhárta go Meitheamh de dheasca na paindéime COVID-19
- Tús curtha ag Gaeloideachas leis na seisiúin líonraithe Tae agus Plé

2021
- Sheol an Stát *Scileanna a Chothú*, plean do lucht saothair na luathbhlianta
- Sheol an Stát *Comhpháirtíocht chun leasa an Phobail*, samhail nua maoinithe don earnáil

2022
- Tháinig Ordú Rialaithe Fostaíochta i bhfeidhm don earnáil
- Chuir an Roinn Oideachais tús le forbairt an *Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge*
- D'eagraigh Gaeloideachas a chéad Chomhdháil Luathbhlianta

2023
- Rinne an Roinn Leanaí mapáil ar earnáil na luathbhlianta lán-Ghaeilge den chéad uair
- Tugadh cuireadh do naíonraí ballraíocht a ghlacadh le Gaeloideachas don chéad uair
- Chuir an Roinn Leanaí tús le forbairt *Plean Cuimsitheach Gníomhaíochta chun forbairt agus cur chun cinn Sholáthar Gaeilge i suímh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile*
- Comhdháil Luathbhlianta Gaeloideachas i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh

Dónall Ó Baoill, Uachtarán Gaeloideachas ó 1990-1994

"Is iomaí rud a tharla sna blianta 1990-1994 ach tá dhá tharlúint mhóra ar fiú a lua mar gur fhág siad, dar liom, lorg buan ar chur chun cinn an Ghaeloideachais sa tír seo ó shin.

Bhí Gaelscoil Nua á bunú i gCorcaigh ach níor theastaigh ón Bhord Bainistíochta go mbeadh Easpag mar phátrún ar an scoil. Bhí sin ar ndóigh in éadan na rialacha ag an am. Réitíodh an scéal agus as sin a tháinig An Foras Pátrúnachta atá faoi rath ó shin. An dara rud mór a tharla go raibh iarrachtaí ar siúl ag an Eaglais in Eochaill an Scoil lán-Ghaelach agus an scoil lán-Bhéarla ar an bhaile a chónascadh rud a dhéanfadh an-dochar don Ghaeloideachas. Eagraíodh na tuismitheoirí agus bhuaigh muid an cath sin chomh maith.

Is maith mar a tharla agus gach rath feasta ar an obair atá ar siúl ag Gaeloideachas. Go maire sibh an 50 bliain."

Coláiste Daibhéid ag ceol ag Tionól Forbartha Gaeloideachas 2022.

Riachtanais Bhreise Oideachais sa Chóras Lán Ghaeilge

Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Príomhoide Ghaelscoil Bhaile Bhrigín agus Leas-Uachtarán Gaeloideachas 2023

Tá fás agus forbairt tagtha ar réimse na riachtanas bhreise oideachais agus na dtacaíochtaí cuí sa chóras oideachais, go háirithe ó theacht i bhfeidhm an Acht Oideachais in 1998. Tá an fás agus an fhorbairt seo scáthaithe san earnáil lán-Ghaeilge. Tá taighde leathan déanta go hidirnáisiúnta ar bhuntáistí an dátheangachais do chuile dhuine, do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu agus do dhaltaí nach bhfuil siad acu. Ceal taighde anseo in Éirinn, bhíodh moill ag baint le páistí a bhfuil riachtanais bhreise acu a chlárú nó a choinneáil sa chóras uaireanta. Ní féidir a shéanadh anois ach go bhfuil an taoide sin ag casadh, go háirithe le fás an taighde dhúchasaigh sa réimse céanna. Léiríonn taighde Mhic Aindriú (2020) go bhfuil riachtanais bhreise oideachais ag tuairim is 9.4% de dhaltaí scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Má bhreathnaítear ar líon na scoileanna lan-Ghaeilge & Gaeltachta atá ag oscailt ranganna speisialta, feictear go sonrach go bhfuil fás nach beag agus tapa ag teacht ar líon na scoileanna atá ag oscailt ranganna bliain i ndiaidh bliana. Tá scoil speisialta, Tigh Nan Dooley ag feidhmiú sa Ghaeltacht ar an gCeathrú Rua ó 1977. Osclaíodh an chéad rang speisialta lasmuigh den Ghaeltacht in 2011 faoi threoir cheannródaíoch Charmel Mhic Airt agus pobal scoile Ghaelscoil Chloch na Coillte. Tá 16 rang speisialta i scoileanna Gaeltachta anois agus dearbhaíonn an CNOS go mbeidh 66 rang speisialta sa chóras Lán-Ghaeilge sa scoilbhliain seo, 2023/24.

Is aistear foghlama agus fada é an t-aistear tacaíochta dóibh siúd a bhfuil riachtanais chasta acu. Dom féin go pearsanta, mar phríomhoide agus mar oideachasóir san earnáil lán-Ghaeilge a bhíonn ag plé le daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu go laethúil, sílim gurb é ceann de na haistir is dúshlánaí ach is luachmhaire don saol scoile agus don chomhphobal i gcoitinne é. Thosaigh ár n-aistear scoile beagnach 15 bliain ó shin nuair a thosaigh dalta a bhfuil uathachas air sna naíonáin bheaga. Mar scoil nua nach raibh i bhfad ar an bhfód ní raibh againn ach foireann bheag. Ach is foireann í a thuig láithreach an tábhacht a bhain le foghlaim, le hoiliúint, le fiosracht agus le dúthracht i leith na ceiste seo agus cén chaoi go bhféadfaí an freastal is fearr a chur ar fáil dár ndaltaí a bhfuil riachtanais chasta nó riachtanais bhreise acu, cohórt a d'fhás bliain i ndiaidh bliana. Mar chuid den aistear sin, bheartaigh muid rang speisialta a oscailt le freastal ar dhaltaí a bhí againn a raibh tacaíochtaí breise de dhíth, nach raibh an rang príomhshrutha in ann freastal orthu. An cheist ba mhó a bhí ag dó na geirbe dúinn ná cén fáth go mbeimis ag moladh do na daltaí seo ár scoil a fhágáil le freastal ar rang speisialta i scoil lán Bhéarla nuair nárbh í an Ghaeilge a bhí ag cur as dóibh. Las sé seo splanc ionainn agus chuaigh muid i mbun fiosrúcháin. Bhí an bord agus an fhoireann ar aon ghuth amháin ag iarraidh na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil. Bhí tuiscint agus tacaíocht láidir

óna tuismitheoirí againn. Osclaíodh an chéad rang in 2015 agus taobh istigh de chúpla seachtain thuig muid go mbeadh gá an dara rang a oscailt an bhliain dár gcionn.

Tá an fás seo scáthaithe fud fad na hearnála le blianta beaga anuas agus is léiriú é ar thiomantas na hearnála eispéireas iomlánaíoch a chur ar fáil dár ndaltaí uilig. Is ábhar dóchais é sin dúinn ar fad atá ag plé leis an earnáil lán-Ghaeilge agus leo siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Tá an tírdhreach athraithe go mór i scoileanna ó thosaigh mé mar phríomhoide 25 bliana ó shin agus is iontach an rud é an réimse leathan tacaíochtaí a chuirtear ar fáil anois – mar shampla cúntóirí riachtanas speisialta, múinteoirí tacaíochta, ranganna speisialta, acmhainní, cúrsaí teicneolaíochta agus go leor eile nach iad. Is iontach go bhfuil fás tagtha ar líon na scoileanna lán-Ghaeilge ina bhfuil ranganna speisialta agus saineolas ar an réimse seo agus go bhfuil tacaíochtaí praiticiúla ann dóibh siúd atá i dtús an aistir chéanna. Ach, ní aistear gan dúshlán é seo agus tá ró-éileamh ar na háiseanna idir daonna agus eile atá ann. Ní gá ach labhairt le haon scoil agus taispeánfar ar an toirt an dul chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann le breis acmhainní daonna agus infheistíochta.

Mar scátheagraíocht, d'aithin Gaeloideachas an bhearna maidir le sainriachtanais na hearnála lán-Ghaeilge i dtaobh tacaíochtaí cuí do scoileanna a fhreastalaíonn ar pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus chuige sin, bunaíodh fochoiste le díriú isteach ar an gceist thábhachtach seo. Tá obair leathan déanta ag an eagraíocht chun díriú go sonrach ar na ceisteanna is práinní dúinn mar earnáil; ceisteanna i dtaobh feasachta, oiliúna, acmhainní agus eolas a roinnt san áireamh.

Tá réimse leathan oibre déanta ag Gaeloideachas maidir leis an gceist seo. Ar cheann de na dúshláin a dtugann muid aghaidh orthu ná go dtugtar comhairle do thuismitheoirí go minic gan páistí a chlárú sa chóras lán Ghaeilge má tá riachtanais bhreise acu nó iad a thógáil amach as an gcóras má aithnítear é ag pointe níos déanaí. Rinneadh seo go minic gan tuiscint iomlán a bheith ann ar an gcomhthéacs ag leibhéal na ngairmithe. D'aithin Gaeloideachas an gá agus an tábhacht a bhí ann aghaidh a thabhairt air seo. Chuige sin, bhunaigh muid feachtas feasachta le plé leis na scátheagraíochtaí éagsúla a bhíonn ag obair le gairmithe agus tuismitheoirí. B'fhiúntach an obair í seo mar gur thug sé deis gréasán a bhunú agus deiseanna comhoibrithe a chur ar fáil. Is as seo a d'eascair go leor de na bileoga eolais agus áiseanna oiriúnaithe a forbraíodh i gcomhar le CNOS, Dyslexia Association of Ireland, Middletown, AsIAm, srl. Tá saineolas agus acmhainní oiriúnaithe ar fáil anois dár n-earnáil ó oideoirí agus tuismitheoirí toisc na gceangal seo a cothaíodh. Tá teacht ar na hacmhainní seo ar shuíomh na heagraíochta, gaeloideachas.ie/oideachas-speisialta/?lang=ga.

Chomh maith leis sin, aithnítear an gá le feasacht, oiliúint oiriúnach agus acmhainní cuí a bheith ar fáil go leanúnach d'oideoirí na hearnála. Chuige sin cuireadh tús le Comhdháil ar leith chun díriú go sonrach ar riachtanais speisialta a rith gach ré-bliain. Tugtar deis do mhúinteoirí teacht le chéile chun éisteacht leis an taighde is nua sa réimse agus páirt a ghlacadh i gceardlanna gníomhacha ar RSO. Is deis iad na ceardlanna agus comhdhálacha seo do mhúinteoirí teacht le chéile agus cleachtais a phlé. Is gné é seo a bhfuil mé féin go pearsanta an bhródúil as. Is léiriú é ar an tart atá san earnáil chun foghlama, feabhais agus chun saineolas a roinnt.

Tugann Gaeloideachas suntas i gcónaí do ról na dtuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí a gcuid páistí agus tuigtear go minic gur féidir le tuismitheoirí a bheith faoi bhrú agus iad ag iarraidh áit scoile chuí a aimsiú dá gcuid páistí, go háirithe sa chás go mbíonn riachtanais bhreise acu. Chuige sin, eagraítear oícheanta eolais le saineolaithe na hearnála lán Ghaeilge i riachtanais bhreise le heolas a roinnt ar réimse leathan riachtanas, mar shampla uathachas, disléicse, lagú urlabhra agus teanga srl. Tugtar deis plé a dhéanamh ar shaincheisteanna na dtuismitheoirí agus roinntear eolas luachmhar leo maidir le hoiriúnacht an chórais agus conas dul i ngleic leis na riachtanais agus an saol scoile.

Tá obair cheannródaíoch déanta ag an eagraíocht ar an gceist thábhachtach seo le blianta beaga anuas agus tá toradh na hoibre le feiceáil sa phlé, san oiliúint, san fheasacht, sa taighde agus sna hacmhainní atá ag teacht chun tosaigh bliain i ndiaidh bliana ach níl anseo ach tús an aistir. Tá bóthar fada os ár gcomhair leis an obair mhór seo agus tá muid, mar eagraíocht ag súil go mór le tabhairt faoi ɳ

Vivian Uíbh Eachach, Uachtarán Gaeloideachas ó 1996-2000

"Bhaineas an taitneamh as na blianta a chaitheas ag obair le Gaelscoileanna. Bhí sé spreagúil a bheith ag saothrú le gluaiseacht a bhí ag fás agus ag forbairt gach treo. Tréimhse mhór fáis a bhí ann ó thaobh bunú scoileanna de agus bhíomar ár mbunú féin mar chomhpháirtí láidir oideachais. Bhí daoine den scoth – bunaitheoirí, múinteoirí, bainisteoirí, tuismitheoirí, tacadóirí – ag tarraingt le chéile go fíorghairmiúil chun cuspóirí na gluaiseachta a bhaint amach. Ba phribhléid é a bheith ag obair leo."

Bunú Gaelscoil Áine agus leasú an chórais bunaithe scoile dá réir

Eimear Uí Mhurchadha, tuismitheoir agus múinteoir

Tá pobal láidir bríomhar i gceantar Marino/Dhroim Conrach agus in 2016 bhailigh feachtas scoile ainmneacha 733 páiste a léirigh suim sa rogha scoil lán-Ghaeilge ilchreidmheach (agus seasca páiste breise i ndiaidh spriocdháta an iarratais) a bhunú sa cheantar. Ní raibh figiúirí chomh hard sin ag An Foras Pátrúnachta in aon fheachtas eile thar 23 bliain.

Ach ní gan iarracht a thángamar ar na huimhreacha sin. Bhíomar gníomhach ag scaipeadh an eolais faoin deis iontach seo in aon áit go raibh seans againn casadh leis an bpobal. Anuas ar shraith chruinnithe eolais a d'eagraigh Gaeloideachas timpeall an cheantair, shiúil roinnt againn sráideanna uile Bhaile Átha Cliath 1, 3 agus 9 ag iarraidh an scéal a scaipeadh agus ainmneacha a bhailiú. Idir pháirceanna spraoi, ghrúpaí lapadáin, grúpaí beathaithe cíche, seirbhísí luathbhlianta, bhíomar ann ag dáileadh bileoga, póstaeir agus foirmeacha léirithe spéise.

Thuigeamar ón tús go raibh an-tóir ar scoil lán-Ghaeilge sa cheantar agus muid ag éisteacht lenár gcomharsana. Cé nach mbeadh ár bpáistí féin ag baint leasa as an scoil nua, bhí muid ag iarraidh go mbeadh scoil ar fáil do gach duine a bhí ag lorg buntáiste an tumoideachais dá bpáistí.

Bhí dea-eispéireas againn féin leis an nGaeilge agus bhíomar ag iarraidh go mbeadh an t-eispéireas céanna ag clanna eile. Ní raibh teacht ar scoil lán Ghaeilge ilchreidmheach ar an taobh seo den chathair. Fiú dá mbeadh daoine in ann spás a fháil i scoil lán-Ghaeilge, ní raibh scoil lán-Ghaeilge ilchreidmheach ar fáil.

Feictear dúinne go raibh an-suim ag daoine ó thíortha eile sa Ghaelscolaíocht. Thuig siad go dtéann an tumoideachas agus an t-ilteangachas chun leasa gach páiste ach bhí éiteas na scoileanna lán-Ghaeilge Caitliceacha ag cur bac ar roinnt díobh áit a thógáil iontu. Bhí sé soiléir dúinne go raibh géarghá le scoil lán Ghaeilge ilchreidmheach sa cheantar.

Bhí uimhreacha iontacha faighte againn de dhaoine a léirigh spéis ina leithéid agus shílfeá gur leor é sin, ach ní shin mar a bhí an scéal, faraor. Bhí patrún eile, Ag Foghlaim Le Chéile, tar éis níos mó ainmneacha a bhailiú, rud nár chuir ionadh orainn toisc gur scoileanna lán Bhéarla a thagann faoina stiúir. Ach bhí míchothromaíocht i gceist leis an nGaeilge, mionteanga a bhfuil tacaíocht de dhíth chun í a threisiú, a chur in iomaíocht leis an mBéarla.

I ndiaidh chinneadh an Ghrúpa um Bunú Scoileanna Nua, rinne Gaeloideachas agus an Foras Pátrúnachta stocaireacht leanúnach ar an Roinn Oideachais ag iarraidh orthu athbhreithniú a dhéanamh ar a gcinneadh agus go mbeadh athruithe ar an bpróiseas bunaithe scoile i gcoitinne le nach dtarlódh a leithéid arís. Iarradh ar an gCoimisinéir Teanga imscrúdú a dhéanamh ar an reachtaíocht chuí freisin.

D'fhorbair teaghlach amháin a bhí lárnach san fheachtas sraith físeán agus achainí ag leagan béime ar an 733 pháiste gan oideachas lán-Ghaeilge – rud a fuair go leor poiblíochta sna meáin. Rinneamar achainí chuig An Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill ag an am, agus d'aontaigh sé go raibh cás ann aitheantas a thabhairt don dúshlán breise a bhí ag scoileanna lán-Ghaeilge sa chóras seo. Agus tar éis go leor siar is aniar idir An Coimisinéir Teanga, Gaeloideachas agus An Roinn Oideachais d'aontaigh An Roinn go raibh cás ar leith ann. Agus is as sin a d'fhás Gaelscoil Áine a d'oscail den chéad uair in 2019 faoi stiúir Niamh Nic Dhiarmada agus an pobal úr iontach atá ag fás timpeall uirthi. Feachtas fada a bhí ann a tosaíodh thiar in 2015, ach anois tá sé iontach go bhfuil toradh an fheachtais agus na hoibre ar fad le feiceáil agus breis is 115 pháiste ag fáil bhuntáiste an tumoideachais i nGaelscoil Áine, figiúr atá ag fás go leanúnach. Tá leasú tagtha ar an gcóras bunaithe scoile freisin agus an Roinn tar éis a aithint gur scoil lán-Ghaeilge a osclófar amach anseo in aon scoilcheantar nach bhfuil aon scoil lán-Ghaeilge ann cheana.

Is cúis mhór áthais dúinn é go bhfuil an scoil nua seo ag cur le pobal na Gaeilge sa cheantar. Is infheistiú mór í an scoil i dtodhchaí an cheantair agus pobal muinineach, bródúil, ilteangach á thógáil ann.

Ar aghaidh linn le chéile!

An feachtas maidir le hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge a bhunú i gCaisleán an Bharraigh

Freda Nic Giolla Chatháin

Bunaíodh Gaelscoil Raifteirí i gCaisleán an Bharraigh sa bhliain 1983. Bunscoil lán-Ghaeilge is ea í a chuireann oideachas ardchaighdeáin ar fáil agus a dhéanann scileanna daltaí a fhorbairt trí mheán na Gaeilge. Cé gur bunaíodh an chéad Ghaelscoil sa chontae dhá scór bliain ó shin, ní raibh riamh an deis ag na daltaí sin leanúint ar aghaidh leis an tumoideachas lán-Ghaeilge ag an meánleibhéal ina mbaile dúchais féin. Is amhlaidh an cás do dhaltaí i nGaelscoil na Cruaiche (Cathair na Mart), i nGaelscoil Uileog de Búrca (Clár Chlainne Mhuiris), agus i nGaelscoil na gCeithre Maol (Béal an Átha).

In 2020, cuireadh tús le feachtas chun iar-bhunscoil lán-Ghaeilge a bhunú i gCaisleán an Bharraigh. Ba beirt thuismitheoirí – Emer Mayock agus Frainc Ó Clochartaigh – a bhunaigh an feachtas. Tá páistí ag an mbeirt acu ag freastal ar Ghaelscoil Raifteirí agus is mian leo a chinntiú go mbeidh deis ag scoláirí óga as Caisleán an Bharraigh agus as na ceantair máguaird freastal ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán i bpríomhbhaile an chontae.

Is iar-bhunscoil chomhoideachais atá beartaithe do Ghaelcholáiste Mhaigh Eo, scoil a bheidh dírithe ar an tumoideachas lán-Ghaeilge. Cothófar timpeallacht láidir, ionchuimsitheach, chairdiúil, mheasúil agus chomhbhách i nGaelcholáiste Mhaigh Eo, chun deis a thabhairt do gach dalta a bheith faoi bhláth agus faoi rath.

Beidh éiteas lán-Ghaeilge ag Gaelcholáiste Mhaigh Eo, áit a mbeidh cur chuige iomlán tumtha maidir le labhairt na Gaeilge mar theanga nádúrtha an lae agus leagfar béim ar chur chun cinn na ngnéithe uathúla saibhre a bhaineann lenár gcultúr agus lenár luachanna.

Reáchtáladh cruinniú tionscnaimh an fheachtais i mí Feabhra 2020 díreach sular tháinig an cuairteoir álainn sin Covid chugainn. Ba dheacair do choiste an fheachtais mórán a dhéanamh nuair a bhí na scoileanna dúnta ach níor stop an obair a bhí ar siúl sa chúlra. Le linn an ama sin, rinneadh teagmháil le heagraíochtaí náisiúnta, le scoileanna lán-Ghaeilge, agus le feachtais i mbailte eile ar fud na tíre, agus bunaíodh an caidreamh leis an bhForas Pátrúnachta - an pátrún is mó in Éirinn ar scoileanna lán-Ghaeilge.

Mar chuid den eolas a bailíodh tá mórán scéalta ann maidir leis an gcaoi a gcuireann an tumoideachas Gaeilge ag leibhéal meánscoile go mór le creatlach chultúrtha na mbailte agus na gcathracha ina bhfuil siad lonnaithe, agus is

Ag cruinniú feachtais Ghaelcholáiste Mhaigh Eo, ó chlé - Freda Nic Giolla Chatháin, Conor Ó Mathúna (Príomhoide Ghaelcholáiste Chill Dara), Emer Mayock, Frainc Ó Clochartaigh, Tomás Ó Póil (An Foras Pátrúnachta)

cinnte go bhfuil sé sin mar uaillmhian ag lucht eagraithe an fheachtais seo. Ní bhaineann an feachtas seo le cúrsaí oideachais amháin. Creideann an coiste go gcuirfidh an Gaelcholáiste go mór le cultúr na Gaeilge i gCaisleán an Bharraigh agus go rachaidh sé chun leas an phobail agus chun leas na teanga araon. D'éirigh leis an bhfeachtas seo a chinntiú go mbeadh bunú an Ghaelcholáiste mar chuid de Phlean Teanga Chaisleán an Bharraigh, plean atá faofa ag an Roinn agus Caisleán an Bharraigh ag feidhmiú mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.

Tarraingíodh aird náisiúnta ar an bhfeachtas seo go luath in 2023, scríobhadh ailt sna nuachtáin náisiúnta agus rinneadh roinnt mhaith agallamh ar Raidió na Gaeltachta. Tháinig Nuacht TG4 go Caisleán an Bharraigh chomh maith agus suim mhór á léiriú acu san fheachtas.

Reáchtáladh cruinniú poiblí i mí Feabhra 2023 in Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh i gCaisleán an Bharraigh. Bhí an cruinniú ar oscailt don phobal agus mar chuid den ócáid, bhí cur i láthair ó Thomás Ó Póil, Bainisteoir Oiliúna leis an bhForas Pátrúnachta, agus Conor Ó Mathúna, Príomhoide Ghael-Choláiste Chill Dara. Tugadh cuireadh don lucht éisteachta ceisteanna a chur agus rinneadh plé an-mhaith ar na buntáistí a bhainfeadh le bunú an Ghaelcholáiste. Ba bhinn an ceol a bhí le cloisteáil ar an oíche chomh maith agus ceoltóirí óga an cheantair ag seinm ceoil san fhorhalla. Ócáid an-dearfach agus spreagúil a bhí ann, dar le lucht eagraithe an fheachtais.

Tá roinnt eagraíochtaí tábhachtacha náisiúnta ag tacú leis an bhfeachtas, ina measc An Foras Pátrúnachta, Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge agus Gaeloideachas. Ina theannta sin, tá raon de pholaiteoirí áitiúla i Maigh Eo agus polaiteoirí a bhfuil réim náisiúnta acu ag tacú le bunú scoil dá leithéid i gCo. Mhaigh Eo.

D'fhreastail lucht eagraithe an fheachtais ar chruinniú i mí Iúil na bliana seo de Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh agus rinne siad cás an-láidir maidir le hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge a bhunú i gCaisleán an Bharraigh. Fuarthas tacaíocht d'aon ghuth uathu siúd a bhí i láthair. San áireamh sa chur i láthair tugadh cúpla rogha de shuíomhanna féideartha don scoil.

Le déanaí, mar chuid de Lá Stocaireachta Chonradh na Gaeilge – SEAS - chuaigh baill an fheachtais go Dáil Éireann, áit ar bhuail siad le polaiteoirí chun bunú Ghaelcholáiste Mhaigh Eo a phlé, agus ina measc bhí an tAire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Teachta Dála, Dara Calleary, agus TD Fhine Gael, Alan Dillon.

Tar éis mórán taighde, forbartha, rannpháirtíocht phobail agus bailiú eolais, cuirfidh an feachtas aighneacht fhoirmiúil faoi bhráid na Roinne Oideachais go luath agus tá baill choiste an fheachtais tiomanta don sprioc uaillmhianach go mbunófar Ghaelcholáiste Mhaigh Eo

Tá sonraí breise le fáil ar www.gaelcholaistemhaigheo.ie.

Seán Ó hArgáin, Uachtarán Gaeloideachas ó 2019-2022

"B'aisteach an tréimhse Uachtaránachta a bhí agam ach ba phribhléid ar leith i mo shaol gairmiúil mar mhúinteoir agus mo shaol pearsanta a bhí ann. Toghadh mé mar Uachtarán ag deireadh 2019 i gCorcaigh agus ní rabhas ag súil in aon chor gur tréimhse paindéime don gcuid is mó a bheadh agam, in ainneoin mé a bheith mar an chéad Uachtarán le fada le tréimhse dhá bhliain sa phost. Ba iad na mórcheisteanna a bhí idir láimhe againn ná na moltaí chun an Ardteist a athrú agus d'éirigh linn an Ghaeilge mar chroí-ábhair a raibh ardstádas aici a chosaint, tar éis feachtas láidir a reáchtáil. Ceann de na mórghníomhartha a d'éirigh liom a bhaint amach ná Slabhra an Uachtaráin a dhearadh agus a chur i gcrích, iad déanta ag ceann de na seodóirí is aitheanta ar an oileán agus ar a bhfuil ainm gach Uachtarán a bhí agus atá ar an eagraíocht ó bunaíodh Gaelscoileanna in 1973. Guím gach rath agus fás ar an eagraíocht iontach seo."

Teachtaireachtaí Comhghairdis

INTO

Tréaslaíonn Cumann Múinteoirí Éireann le Gaeloideachas agus an eagraíocht ag ceiliúradh 50 bliain faoi bhláth. Guímid gach rath oraibh agus ar na múinteoirí i nGaelscoileanna ar fud na tíre atá ag soláthar oideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge. Go maire Gaeloideachas agus na Gaelscoileanna faoi bhur gcúram ar feadh 50 bliain eile ar a laghad!

Aontas Múinteoirí Éireann

Ba mhaith le hAontas Múinteoirí Éireann comhghairdeas mór a dhéanamh le Gaeloideachas agus iad ag ceiliúradh 50 bliain ar an bhfód ag tacú leis an oideachas lán Ghaeilge agus á fhorbairt. Is cúis mhórtais d'Aontas Múinteoirí Éireann an bhaint a bhí againn féin leis an aistear sin agus sinn ag déanamh ionadaíochta ar bhaill i nGaelcholáistí fud fad na tíre. Is oiriúnach an rud é gurb é an t-ór siombail an 50ú bliain. Cuireann sé luach na teanga in iúl chomh maith lena somhúnlaitheacht, a solúbthacht agus a neart i sochaí an lae inniu. Guímid gach rath ar Ghaeloideachas amach anseo agus iad ag obair go dian dícheallach chun córas scoileanna a chruthú ina bhfuil luach agus neart na Gaeilge ar fáil do dhaltaí iar bhunscoile i ngach baile, sráidbhaile agus pobal in Éirinn. Comhghairdeas.

Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire

Déanann Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire comhghairdeas ó chroí le Gaeloideachas agus comóradh 50 bliain ó bunaíodh an eagraíocht á chomóradh. Tá cion céadach déanta ag Gaeloideachas maidir le hoideachas a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge gan trácht ar an méid atá déanta ag an eagraíocht ar mhaithe leis an teanga a chothú mar ghné lárnach luachmhar dár gcultúr. Léiriú ar chaighdeán ard dúinn ar fad is ea tiomantas Gaeloideachas don oideachas ionchuimsitheach trí mheán na Gaeilge. Go n-éirí libh sa chaoga bliain atá romhainn!

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

COGG

Is mór is fiú d'eagraíocht ar bith 50 bliain ar an bhfód a cheiliúradh agus a héachtaí a chraobhscaoileadh, agus is cinnte go bhfuil éachtaí agus níos mó le ceiliúradh ag Gaeloideachas i mbliana.

Tuigtear dúinn go maith go raibh an Gaeloideachas in umar na haimléise ar go leor bealaí nuair a cuireadh tús leis an eagraíocht Gaelscoileanna ag deireadh na seachtóidí. Chabhraigh an eagraíocht fhíorthábhachtach seo le tuismitheoirí agus grúpaí Gaeilge fud fad na tíre Gaelscoileanna a bhunú faoi chúinsí dúshlánacha agus a raibh idirbheartaíocht chúramach stuama de dhíth go minic maidir lena mbunú.

Chuir an eagraíocht síolta dóchais ar fud na tíre le caoga bliain anuas agus léirigh bunú na nGaelscoileanna agus na nGaelcholáistí go raibh todhchaí i ndán don Ghaeilge agus go raibh muintir na hÉireann ag éileamh an Ghaeloideachais dá bpáistí.

Tá tacaíocht den scoth tugtha ag Gaeloideachas (mar a thugtar air anois) don oideachas lán Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht le 50 bliain. Gura fada buan í an eagraíocht, na baill foirne dílse agus na hoibrithe deonacha go léir a bhí agus atá mar chrann taca aici. Guíonn foireann agus Bord COGG gach rath agus séan ar Ghaeloideachas le haghaidh an chéad 50 bliain eile agus táimid ag súil go mór le leanúint den chomhpháirtíocht luachmhar idir an dá eagraíocht!

Conradh na Gaeilge

Conradh na Gaeilge

Ba mhaith le Conradh na Gaeilge comhghairdeas ó chroí a ghabháil le Gaeloideachas as an leathchéad a bhaint amach. Tá an t-oideachas lán Ghaeilge ina chuid lárnach den ghluaiseacht atá ag cur le líon na gcainteoirí Gaeilge in Éirinn agus is ríthábhachtach an obair atá déanta ag Gaeloideachas le 50 bliain anuas chun an fás sa líon scoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge agus sa líon daltaí atá ag foghlaim trí Ghaeilge a chinntiú. Tá an Conradh an-sásta gur imir muid ról i bpáirt le Gaeloideachas san iliomad feachtas le scoileanna nua a chur ar bun agus táimid ag súil le leanúint leis an obair seo sna blianta atá os ár gcomhair. Go n éirí go geal libh amach anseo agus go maire sibh an céad.

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

An Foras Pátrúnachta

Tréaslaíonn An Foras Pátrúnachta le Gaeloideachas an leathchéad bliain a bhaint amach agus iad ag stocaireacht ar son oideachais lán Ghaeilge agus Gaeltachta. Creidimid go láidir mar phátrún scoile lán Ghaeilge gur ceart é ag gach páiste sa tír seo oideachas trí mheán na Gaeilge a fháil más mian leo é agus tá An Foras Pátrúnachta agus Gaeloideachas tiomanta don rogha seo a chur ar fáil do thuismitheoirí agus a bpáistí ag gach leibhéal. Tá An Foras Pátrúnachta an bhuíoch de Gaeloideachas as a gcuid tacaíochta, comhairle agus seirbhíse dár scoileanna thar na blianta agus táimid ag tnúth leis an leathchéad eile!

Foras na Gaeilge

Foras na Gaeilge

Thar ceann phobal na Gaeilge ar fud an oileáin agus thar ceann Fhoras na Gaeilge, is mian liom comhghairdeas ó a chroí a ghuí ar Ghaeloideachas agus sibh ag ceiliúradh 50 bliain ar an fhód. Tá dul chun cinn as cuimse déanta ag earnáil an Ghaeloideachais ar fud an oileáin ó dheas agus ó thuaidh a bhuí leis an obair cheannródaíochta atá déanta ag an Gaeloideachas, idir fhoireann agus bhord ó na 1970idí. Ní hé amháin go bhfuil fás as cuimse i ndiaidh teacht ar an earnáil, ar líon na scoileanna agus ar líon na ndaltaí, ach tá sochaí na hÉireann athraithe ar bhealach suntasach anois de bharr líon na n-iardhaltaí Gaelscolaíochta atá fite fuaite trí gach gné de phobal an oileáin, mar oibrithe, mar thuismitheoirí, mar gharthuismitheoirí, agus mar ghníomhaithe in earnáil na Gaeilge. Mar Cheanneagraíocht thar ceann réimse an Ghaeloideachais, aithníonn Foras na Gaeilge a thábhachtaí atá an cheannasaíocht, an cheannródaíocht agus an ionadaíocht a dhéanann foireann agus baill Ghaeloideachais. Féadann sibh a bheith an-bhródúil as a bhfuil bainte amach ar an oileán seo ó bunaíodh sibh in 1973, agus as bhur n-uaillmhian agus ceannasaíocht agus muid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá romhainn sna blianta atá le teacht.

Stiúrthóirí agus Iar Stiúrthóirí Naíonraí

Tréaslaíonn Naíonraí na tíre le Gaeloideachas, agus iad ag ceiliúradh 50 bliain ar an bhfód. Thiar sna seascaidí agus stádas ag leibhéal níos ísle ag ár dteanga taobh amuigh den Ghaeltacht, bhí buairt ar lucht tacaíochta na Gaeilge. Thuig siad go raibh gá le tosú ag an mbun chun an teanga a thabhairt slán agus chuige seo, bhunaigh siad gluaiseacht na Naíonraí. Is de bharr an tiomantais seo go bhfuil an córas forbartha oideachais trí Ghaeilge againn inniu á stiúradh ag Gaeloideachas.

Le roinnt blianta anuas, idir na hathruithe móra san earnáil luathbhlianta agus sa chóras ceanneagraíochtaí Gaeilge, is cinnte go raibh bóthar casta agus dúshlánach le taisteal ag na Naíonraí. Bhraith muid, go minic go raibh muid ag treabhadh in ár n aonar, ach anois tá muid muiníneach go bhfuil casadh ar an scéal seo agus tá muid ag tnúth le bheith ag comhoibriú le Gaeloideachas ar son leasa na Gaeilge sna luathbhlianta as seo amach.

Guíonn muid gach rath ar Gaeloideachas don leathchéad bliain eile atá romhainn.

An tOireachtas

Comhghairdeachas le Gaeloideachas as a bhfuil bainte amach agaibh le 50 bliain anuas – ag seasamh an fhóid ar son cheart gach Gael oideachas ina theanga dúchais a bheith ar fáil dá mhuirín. Molaimid na meithle pobail, na gníomhaithe teanga áitiúla agus náisiúnta, na heagraíochtaí, na múinteoirí agus na teaghlaigh a bhí, agus atá fós, ag saothrú go dúthrachtach, dícheallach, chun a chinntiú go mbeidh deiseanna comhionanna ag daltaí scoile agus mic léinn i gcóras oideachais na tíre agus geallaimid ár dtacaíocht dóibh i gcónaí. Go raibh a mhacasamhail de thoradh tairbheach, luachmhar, ar bhur saothar sa chéad leathchéad bliain eile.

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta & Óige

Tréaslaíonn An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le Gaeloideachas atá ag ceiliúradh 50 bliain faoi bhláth.

Sna blianta is déanaí go bhfuil an caidreamh oibre idir Gaeloideachas agus Roinn na Leanaí ag neartú agus ag forbairt, go háirithe leis an gcomhoibriú agus an chomhpháirtíocht is déanaí maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 -2030.

Tá an tacaíocht tugtha ag Gaeloideachas chuig an earnáil ELC agus an luath-thumoideachas lasmuigh den Ghaeltacht go háirithe le deich mbliana anuas. Tá ceannaireacht fhíorthábhachtach chun ardchaighdeán i suíomh foghlaim agus cúram na luathóige a thacú agus a chothú, chomh maith le timpeallacht spreagúil a chruthú do phaistí agus oideoirí luathbhlianta. Is ceart ceiliúradh a dhéanamh ar an gceannaireacht a thaispeáin Gaeloideachas maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn.

Guíonn RLCMLÓ gach rath ar Gaeloideachas sna blianta amach romhainn.

Gael -Linn

Guíonn foireann Gael Linn gach rath ar Gaeloideachas agus an eagraíocht ag comóradh leathchéad bliain a bunaithe. Tá ról lárnach imeartha ag Gaelscoileanna & scoileanna Gaeltachta in athneartú na Gaeilge ar fud an oileáin agus ba chóir go mbeadh gach tacaíocht ar fáil don earnáil le go mbeidh fás nádúrtha ar líon na nGaeilscoileanna agus forbairt leanúnach ar chaighdeán an oideachais.

Go n-éirí go geal leis an obair. Tá meas mór ag Gael Linn ar a bhfuil bainte amach ag Gaeloideachas le dhá scór bliain go leith anuas & muinín againn as fís na heagraíochta don todhchaí.

Ráiteas ó Phádraig Ó Duibhir, Taighdeoir & Stiúrthóir Sealbhú

Tréaslaím le Gaeloideachas agus 50 bliain bainte amach. Is iontach an dul chun cinn atá déanta sa tréimhse sin agus an tacaíocht ghairmiúil a chuireann sé ar fáil don earnáil. Bhí an tacaíocht a fuair mise mar mhúinteoir óg agus mar phríomhoide san 1980oidí chomh tábhachtach ag an am. Go maire sibh leathchéad eile.

Glórtha & Grianghraif

Gaelcholáiste Dhoire

"Deir daoine go bhfuil scoil s'againne cosúil le "Hogwarts" mar go bhfuil an scoil lonnaithe i gcaisleán. Bhuel, creideann muidne go bhfuil draíocht ag baint leis go cinnte! B'fhéidir go dtiocfadh "Hogwarts na Gaeilge" a thabhairt air" – Erin Ní Dhiolúin

"Bhí mé iontach sásta sa scoil seo, agus is grá liom gach uile rud faoi. D'ullmhaigh sé mé don saol agus tá mé anois ag tabhairt faoi chéim sa Mhata in Ollscoil na Gaillimhe. Tá atmaisféar ar leith ann agus má thagann tú anseo, titfidh tú i ngrá leis an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann. Oibríonn muid uilig i dtreo sprioc amháin; Gaeil Óga Chróga Oilte a chruthú, agus mholfainn do Ghaeilgeoir ar bith i R7 a bheith linn ar an bhliain seo chugainn... tá fáilte mhór romhaibh!" – Cliodhna Ní Mhianáin

"Bhunaigh muid an chéad bhunscoil sa cheantar i 1992 agus tá an Ghaeloideachas ag fás sa chontae ó shin. Nuair a bunaíodh Gaelcholáiste Dhoire i 2015 le 16 dalta, cuireadh tús le caibidil eile i bhforbairt na Gaeilge i gCo Dhoire agus chruthaigh foireann agus pobal na scoile gur féidir oideachas den chéad scoth a chur ar fáil do dhaoine óga trí mheán na Gaeilge. Tá os cionn 300 dalta anois ar an scoil agus í ag fás i rith an ama!" – Niall Ó Catháin (Cathaoirleach)

Scoil Náisiúnta Mhuire B&C, Doirí Beaga, Co Dhún na nGall

"Tá an scoil an-mhaith, bím le mo chuid cairde agus ag foghlaim rudaí úra achan lá. An chéad lá a shiúil mé isteach go Naíonáin Bheaga bhí me ar bís, is maith liom an scoil."

"Bíonn muid ag foghlaim rud úr achan lá agus bíonn spórt agus spraoi againn achan bomaite agus na cairde úra uilig a thig leat Déanamh."

Gaelscoil Uí Riada, Baile an Easpaig, Corcaigh

"Táimid an-bhródúil as Gaelscoil Uí Riada mar bíonn deiseanna iontacha againn ár mbuanna a léiriú trí mheán na Gaeilge. Bhíomar ag canadh le déanaí le d'Ardmhéara Chorcaí Ciarán Mac Cárthaigh."

Scoil Náisiúnta Rónáin, An Trá Bháin, Co na Gaillimhe

"Is maith liom an scoil mar go bhfuil páistí deasa againn agus bíonn gach duine cairdiúil lena chéile. Tá múinteoirí deasa againn freisin. Tá clós, astro agus halla againn. Bíonn muid ag déanamh damhsa ar an seannós agus ag ceol. Tá an t-ádh linn." – Páistí Rang 3-6

Scoil Neasáin, Baile Hearmann, BÁC

"Níl eagla orm roimh na múinteoirí mar is cairde liom iad. Is aoibhinn liom mo scoil!" – Aoibheann, rang 6

"An rud is fearr i Scoil Neasáin ná an turas go hInis Oírr." – Torin, rang 6 R6

Gaelscoil Raifteirí, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo

"Is breá liom a lán rudaí faoi Gaelscoil Raifteirí. Déanaimid a lán spórt, damhsa Gaelach agus ceol. Táim fíor-bhrodúil as an nGaeilge a d'fhoghlaim mé agus is breá liom na múinteoirí a mhúin mé. Tá na múinteoirí an-chineálta. Ach an an rud is mó a thaitníonn liom ná na cairde iontacha a rinne mé, tá siad chomh cineálta agus greannmhar!" – Ceola Nic Giollarnáth

"Tá a lán rudaí deasa i nGaelscoil Raifteirí. Is aoibhinn liom a bheith in ann Gaeilge a labhairt. Beidh sé iontach an Ghaeilge a bheith agam don mheánscoil." – Éabha Nic Gafraidh

"Táim an-bhrodúil go bhfuil Gaeilge agam agus beidh sé agam do mo shaol iomlán!" – Úna Basquille

"Is aoibhinn liom Gaelscoil Raifteirí mar gheall ar an nGaeilge. Tá a lán deiseanna páirt a ghlacadh i spórt chomh maith."– Shea Ó Cionfhaola

"Táim fíor-bhrodúil as an nGaeilge a d'fhoghlaim mé i nGaelscoil Raifteirí. Tá bród orm go bhfuil mé in ann an teanga Éireannach a labhairt!" – Jeaic Ó Máille

"Is maith liom an spórt i nGaelscoil Raifteirí, tá áiseanna iontacha againn. Is aoibhinn liom a bheith ag cabhrú le na naíonáin i mbliana nuair atá muid ag feidhmniú mar chairde cuideachta. Táim bródúil as an nGaeilge atá agam!"– Conchubhair Mac Aodhgáin

Gaelscoil Phádraig, Baile Breac, Baile Átha Cliath

"Is maith liomsa an scoil seo mar tá na múinteoirí an-chineálta linn agus cabhraíonn siad linn nuair atá muid ag streachailt agus táim fós ag foghlaim gach lá leo, go háirithe an Ghaeilge!" – Turlough, rang 6

"Is maith liom scoil i nGaelscoil Phádraig mar foghlaimíonn tú a lán rudaí trí Ghaeilge. Is maith liom an scoilfreisin mar déanann tú a lán cairde." – Stephen, rang 5

Gaelscoil na nDéise

"Táimid bródúil as ár scoil mar go bhfuil áiseanna iontacha le spás imeartha do gach duine againn. Is breá linn ár scoil mar go mbíonn go leor rudaí le déanamh lenár gcairde againn, laistigh agus lasmuigh, idir shúgradh, cuairteanna agus a bheith ag foghlaim rudaí nua trí Ghaeilge." – Rang 4

"Táimid bródúil as ár scoil mar go mbíonn an teanga, an spórt agus an ceol i gcroí-lár na scoile. Is grá linn ár scoil mar tá a lán cairde againn anseo." – Rang 5

"Is aoibhinn linn ár scoil mar tá na múinteoirí agus na páistí go deas, cairdiúil agus bíonn alán spraoi ag gach duine. Táimid bródúil as ár scoil mar is scoil glan í agus tá áiseanna nua-aimseartha againn inti." – Rang 6

Coláiste Laurel Hill

"Is cúis bhróid domsa a bheith i mo scoláire i Laurel Hill Coláiste FCJ. Táimid an-tacúil dá chéile ó thaobh na Gaeilge de agus moltar gach iarracht faoi scáth an chompánachais agus an chairdis" – Treasa, Bliain 6.

"Táim mórtasach as Gaeilge a labhairt anseo i Laurel Hill Coláiste FCJ. Spreagtar ár gcultúr agus ár n-oidhreacht uathúil timpeall na scoile. Gaeilge ABÚ." – Aisling, bliain 5.

Scoil Éinne, An Spidéal, Co na Gaillimhe

"Tá pobal Scoil Éinne an-mhórtasach as an méid atá bainte amach againn ó bunaíodh an scoil chónasctha sa mbliain 2000 agus tá an-mheas againn ar ghuth an dalta. Tugann muid cuireadh rialta d'ealaíontóirí, údair agus laochra áitiúla a gcuid scileanna agus saineolais a roinnt linn. Comhghairdeas le Gaeloideachas as an leathchéad a bhaint amach, go maire sibh an céad agus tuilleadh le cois!"

Gaelscoil Chnoc na Ré, Co Shligigh

"Táimid ag súil go mór le scoil nua a bheith againn sa pháirc taobh linn! Tús Nua!"

Coláiste Eoin, Baile Átha Cliath

"Guímid gach rath ar Ghaeloideachas agus iad ag Ceiliúradh 50 Bliain, ó phobal uile Choláiste Eoin. *Tír gan teanga tír gan anam.*

Gaelscoil Uí Riordáin, Baile an Chollaigh, Corcaigh

"Is mise Daniel Ó Mathúna. Tá ceathrar i mo theaghlach agus tá madra amháin agam. Téim ar scoil i nGaelscoil Uí Ríordáin agus táim i rang a 5. Imrím peil Ghaelach, cispheil, sacar agus iománaíocht. Comhghairdeas libh as 50 bliain a shroichint!"

"Siobhán Ní Shé is ainm dom. Seinim an piano. Is maith liom a bheith ag imirt camógaíochta agus sacar. Táim ar scoil I nGaelscoil Uí Ríordáin i mBaile an Chollaigh. Tá cúigear i mo theaghlach. Tá madra agus trí shicín agam freisin. Comhghairdeas le Gaeloideachas as an mbliain mhór."

Gaelscoil Bhaile Munna, B.Á.C.

"Is aoibhinn linn a bheith ag obair taobh amuigh i gclós na scoile. Tá clós na scoile lán le rudaí iontacha le bheith ag spraoi leo.

Déanaimid go leor foghlaim ghníomhach ar scoil. Bíonn an-chuid spraoi againn."

Scoil Náisiúnta Chúil Aodha, Barr d'Inse, Co Chorcaí

"Táimid bródúil as ár scoil mar is scoil Ghaeltachta sinn agus tá comhluadar deas idir na múinteoirí agus na daltaí" – Rang 3 & 4

Tá aithne agat ar gach duine sa scoil. Tá linn snámha faoin aer agus páirc cois abhann in aice linn. Táimid fén tuath agus bíonn fianna le feiscint." – Caoimhe, Rang 6

Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí, Co Chiarraí

"Tagann ghiúmar iomlán difriúil orm is mé ag siúl isteach doirse an Ghaelcholáiste, is cuma cad a bhíonn ar siúil im shaol phearsanta an lá san. Nuair a chasaim ar mo chairde le haghaidh cluiche peile sa chlós, nó nuair a bhíonn deis agam dreas beag cainte a dhéanamh leis na muinteoirí (agus nath deas cainte a chaitheamh isteach dár ndóigh) ardaí-tear mo chroí agus braithim fuinneamh iontach dearfach ionam féin. Táim buíoch, nuair a bhraithim mar sin, gur tugadh deis dom freastal ar an nGael-choláiste." – Daithí Ó Loinsigh, Bliain 6

"Táim ag freastal ar an scoil ó 2018, taithníonn an scoil go mór liom mar tá spiorad iontach timpeall na háite. Tá gach éinne an-chairdiúil agus tá ái-seanna den chéad scoth againn sa scoil nua. Mar a deireann an seanfhocal - *Ar scáth a chéile a mhaire-ann na daoine*." – Gráinne Ní Chuirc, Bliain 6

"Is maith liom an atmaisféar sa halla bia ag am lón, is áit dheas é chun suí síos agus mo scíth a ligint le mo chairde agus comhrá a bheith agam. Is maith liom an slí go bhfuil múinteoirí chomh cabhrach agus tuisceanach, nuair atá fadhb agam, tá sé éasca dul chucu agus é a phlé leo" – Paige Ní Dhruraigh, Bliain 5

Gaelcholáiste Dhún Dealgan

"Seo grianghraf don chéad lá riamh i nGaelcholáiste Dhún Dealgan, scoil nua de chuid Coláiste Ghlór na Mara. Níl againn fós ach an chéad bhliain."

Coláiste Ráithín, Bré, Co Chill Mhantáin

"Táim an-bhródúil as Coláiste Ráithín toisc go bhfuil atmaisféar suaimhneach agus compórdach anseo. Bímid ag cleachtadh ár dteanga dúchasach freisin, rud iontach i mo thuairimse."

"Táim bródúil as mo scoil toisc go mbímid chomh rathúil sin sa spóirt."

Táim an-bhródúil mar is féidir le gach duine a bheith mar iad féin anseo, bíonn daltaí agus múinteoirí sona sa scoil seo.

"Táim bródúil as mo scoil toisc go mbíonn atmaisféar cairdiúil, cabhrach agus deimhneach inti i gcónaí. Mothaím ar mo chompord anseo.

Bíonn fáilte roimh gach éinne anseo."

"Is áit í S.N. Thír an Fhia ina ndéanann muid forbairt ar chairdeas, spóirt agus cultúr, táimid mórtasach as an méid deiseanna atá againn agus muid ag glacadh páirt in imeachtaí ceoil, drámaíochta agus ealaíne. Bíonn an-spraoi agus an-chraic againn"

"Tugann an scoil seo deis dúinn fáil réidh don saol amach romhainn agus tá muinín againn go bhfuil muid in ann a bheith cruthaitheach agus cuimhní greannmhara a bheith againn nuair atá muid ag fágáil" Rang 6.

50 bliain faoi bhláth
Gaeloideachas

50 BLIAIN FAOI BHLÁTH

Oifig chláraithe i Halla Naomh Pádraig, Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6, Éire

+353 1 8535195 | eolas@gaeloideachas.ie

www.gaeloideachas.ie | Facebook.com/Gaeloideachas | Twitter.com/Gaeloid

Uimhir cuideachta: 317146 | Uimhir chláraithe carthanais: 20042394 | CHY: 13520